# Contae na Gaillimhe
# Galway County

**Straitéis Chultúir agus Chruthaitheachta 2018–2022**

Culture and Creativity Strategy 2018–2022



creative.ireland.ie

**Ábhar**
# Contents


| | |
|---|---|
| 1 | Réamhrá an Chathaoirligh<br>*Foreword by An Cathaoirleach* |
| 2 | Réamhrá an Phríomhfheidhmeannaigh<br>*Foreword by Chief Executive* |
| 3 | Cultúr agus Cruthaitheacht i gContae na Gaillimhe<br>*Culture and Creativity in County Galway* |
| 4 | Fís Éire Ildánach do Chontae na Gaillimhe<br>*The Creative Ireland Vision for County Galway* |
| 5 | Luachanna Éire Ildánach i gContae na Gaillimhe<br>*The Creative Ireland Values in County Galway* |
| 6 | Na Tosaíochtaí Straitéiseacha do Chontae na Gaillimhe<br>*Strategic Priorities for County Galway* |
| 7 | Cur i bhfeidhm<br>*Implementation* |


Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

# 1 Réamhrá an Chathaoirligh
## Foreword by An Cathaoirleach

CUIRIM FÁILTE ó chroí roimh fhoilsiú Straitéis Chultúir agus Chruthaitheachta Chomhairle Chontae na Gaillimhe 2018–2022. Is tionscnamh buntábhachtach é seo a chuideoidh le cúrsaí cultúir a chur chun cinn sa Chontae. Is díol suntais an meon atá leis, agus is comhartha maith é ar thoil chomhpháirteach an Rialtais comhoibriú a dhéanamh faoi chlár Éire Ildánach d'fhonn leas an náisiúin a dhéanamh agus a chumasú don náisiún a acmhainn iomlán ó thaobh cúrsaí cruthaitheachta de a bhaint amach.

Is fada Contae na Gaillimhe á cheangal le cúrsaí ealaíon agus cultúir de réir na seantuisceana, agus tháinig ealaíontóirí as gach áit ar domhan anseo chun péintéireacht a dhéanamh agus chun gabháil do ghníomhaíochtaí cruthaitheachta faoi sholas bog neamhshaolta iarthar na hÉireann. Feictear dúinn go bhfuil an cultúr agus an chruthaitheacht bunriachtanach maidir le rath a bheith ar phobail agus gurb í an chruthaitheacht is bun leis an nuáil, is é sin, an scil is mó a mbíonn éileamh uirthi i ngach gné de shaol an 21ú Céad.

Tá an mórtas áite le sonrú sna tosaíochtaí ar fad atá leagtha amach againn, tá meas againn ar ár dtírdhreach uathúil agus ar ár n-oidhreacht bhríomhar cultúir agus tuigimid an t-ábhar dúshláin a thagann as athruithe ar phátrúin déimeagrafaíochta ar cúrsaí sóisialta agus eacnamaíochta is cúis leo. Tá sé mar aidhm againne tabhairt faoin ábhar dúshláin sin, leas a bhaint as an bhfuinneamh atá i muintir na Gaillimhe agus a chinntiú go mbíonn an cultúr, an chruthaitheacht agus an teanga ina ngnéithe bríomhara sainiúla dár bhféiniúlacht. Tá Cultúr 2025 / Éire Ildánach bunaithe ar luach bunúsach an chultúir ach leagtar amach ann freisin an tábhacht atá leis an nGaeilge, lenár n-oidhreacht chultúir, leis an mbéaloideas, le cluichí, le ceol agus le tréithe sainiúla na Gaeltachta.

I WARMLY WELCOME the publication of Galway County Council's Culture and Creativity Strategy 2018–2022, a key initiative that will assist in the cultural advancement of our County. The ethos is deeply significant, signaling the collective desire of Government to work together under the Creative Ireland Programme to benefit the nation and enable it to realise its full creative potential.

County Galway has long been associated with the arts and culture in a traditional sense, artists from all over the world have come here to paint and create under the soft ethereal light of the west of Ireland. We see culture and creativity as an essential component for communities to thrive and understand that creativity is the foundation of innovation, the most coveted skill across all areas of life in the 21st Century.

Our sense of place has informed all our priorities, we appreciate our unique landscape and vibrant cultural heritage and are aware of the challenges posed by changes in demographic patterns brought about by social and economic pressures. We aim to work with these challenges, to harness the potential of our people and to ensure that culture, creativity and language remain a vibrant and unique part of our identity. Culture 2025 / Eire Illdánach draws on the intrinsic value of culture but it also outlines the importance of the Irish language, our cultural heritage, folklore, games, music and the uniqueness of our Gaeltacht areas.



Tuigtear i nGaillimh gur sócmhainn faoi leith atá sa chruthaitheacht agus tá lear mór ealaíontóirí, déantóirí, cócairí agus códóirí ann a chuireann le dea-cháil an chontae mar áit iontach cónaithe agus oibre. Tá Comhairle Chontae na Gaillimhe tiomanta i leith tacú leis an saibhreas tallainne atá ann cheana féin agus i leith deiseanna agus spreagadh a thabhairt do chruthaitheoirí a bheidh ann amach anseo agus is léir an tiomantas sin sna hainmniúcháin idirnáisiúnta atá faighte, mar Réigiún Eorpach Gastranamaíochta 2018 agus mar Phríomhchathair Chultúir na hEorpa 2020, agus sa bhorradh atá faoi thionscal na cruthaitheachta sa Chontae.

Déanann rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí cruthaitheachta agus cultúir maith do shláinte agus d'fholláine na saoránach. Trí na cláir ealaíon, cultúir, teanga, folláine agus oidhreachta dár gcuid atá bunaithe ar an bpobal, féachtar lena chinntiú go mbíonn tuiscint ag gach saoránach, beag beann ar aois, inscne ná eitneacht, ar luach agus ar thábhacht na cruthaitheachta ina saol, agus go mbíonn siad páirteach i ngníomhaíochtaí cruthaitheachta agus go bhfaigheann siad blaiseadh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin. Tríd an Straitéis Chultúir agus Chruthaitheachta seo de chuid Éire Ildánach / Chomhairle Chontae na Gaillimhe, tá sé mar aidhm againn saol mhuintir Chontae na Gaillimhe a shaibhriú. Is iontach an deis é seo leas a bhaint as an saibhreas cultúir atá againn le hoidhreacht againn agus saol bríomhar cruthaitheachta a chruthú don am atá le teacht.

**An Comh. Eileen Mannion**
Cathaoirleach Chomhairle
Chontae na Gaillimhe

Creativity is valued as a distinct asset in Galway, with a host of artists, makers, chefs and coders contributing to our reputation as a great place to live and work. From our international designations, as European Region of Gastronomy 2018, European Capital of Culture 2020 and our burgeoning creative industries; Galway County Council is committed to supporting the wealth of talent already here and to discovering and encouraging the creators of tomorrow. Participation in all forms of creative and cultural activity contributes to the health and wellbeing of our citizens. Through the implementation of our community based arts, culture, language, wellbeing and heritage programmes we aspire to ensuring every citizen regardless of age, gender or ethnicity is aware of, take part in and experience the value and importance of creativity in their lives. Through this Creative Ireland / Galway County Council Cultural and Creativity Strategy we aim to enrich the lives of the people of County Galway. This is a wonderful opportunity to embrace our rich cultural past and forge a bright creative future.

**Cllr. Eileen Mannion**
Cathaoirleach of Galway County Council

# 2 Réamhrá an Phríomhfheidhmeannaigh
## Foreword by Chief Executive

IS CÚIS RÍMÉID dom, i mo cháil mar Phríomhfheidhmeannach, fáilte a chur roimh Straitéis Chultúir agus Chruthaitheachta Chomhairle Chontae na Gaillimhe 2018–2022, díreach i ndiaidh ár bPlean Cultúir agus Cruthaitheachta 2017 a forbraíodh faoi Chlár náisiúnta Éire Ildánach.

Is é atá i gclár Éire Ildánach ná Clár Oidhreachta an Rialtais a eascraíonn ó Éire 2016. Tionscnamh cúig bliana uile-rialtais atá ann, agus é bunaithe ar chúrsaí cultúir agus béim ar an tábhacht atá le cruthaitheacht an duine a mhéid a bhaineann folláine an duine aonair, an phobail áitiúil agus an náisiúin. Cuireann ár straitéis creat ar fáil a chuideoidh le cur ar aghaidh an Chontae i dtaca le cúrsaí cultúir de. Le hÉire Ildánach, déantar freastal do leibhéal comhordúcháin, fócais agus ceannaireachta níos airde i ndáil le polasaithe agus tionscnaimh reatha ar fud an rialtais náisiúnta agus áitiúil, gníomhaireachtaí Stáit, earnáil na n-ealaíon agus an chultúir, eagraíochtaí Gaeltachta agus Gaeilge agus is féidir ceangal a chothú le gnólachtaí príobháideacha agus le hearnáil na dtionscal cruthaitheachta. Tacóidh an straitéis leis an raon leathan clár cultúir atá ar bun cheana féin sa Chomhairle ag ár n-oifig ealaíon, ag ár leabharlanna agus ag ár seirbhísí caomhantais, oidhreachta agus forbartha eacnamaíochta agus Gaeilge. Léiríonn cur chuige comhoibríoch ár Meithle Cultúir an tslí inar féidir linn leas a bhaint as tionscadail atá ann ceana féin chun scála agus rochtain ár dtionscnaimh Éire Ildánach a mhéadú a mhéid a bhaineann le cúrsaí buiséid, le líon na rannphairtithe agus leis an tionchar dearfach ar chaighdeán an tsaoil do na daoine a bhfuil cónaí orthu i gContae na Gaillimhe.

Tá comhoibriú déanta againn leis an bpobal chun straitéis a dhréachtú ina dtugtar léiriú ar éiteas Éire Ildánach agus luachanna Chontae na Gaillimhe. Tháinig an straitéis faoi anáil raon leathan doiciméad tábhachtach beartais ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal réigiúnach. I measc na ndoiciméad tagartha áitiúil áirítear na nithe seo a leanas: Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail Chontae na Gaillimhe (LECP) 2016–2022, Dréacht-Phlean Oidhreachta agus Bithéagsúlachta Chontae na Gaillimhe 2017–2022, Plean Forbartha Contae na Gaillimhe 2015–2022, Plean Corparáideach Chomhairle Chontae na Gaillimhe 2015–2022, Ciste WRAP 2015–2017 agus ár Scéim i leith na Gaeilge. Faightear na staitisticí tábhachtacha ó raon foinsí (an Phríomh-Oifig Staidrimh, GeoDirectory agus www.galwaydashboard.ie). Tá luachanna na straitéise seo ag teacht leis na luachanna sa phlean LECP, tá na cuspóirí agus na bearta leathanréimseacha ceaptha chun tacú le forbairt eacnamaíochta agus forbairt áitiúil / pobail i gContae na Gaillimhe, agus chun an méid sin a chur chun cinn, i gcomhar le geallsealbhóirí eile i réimsí na forbartha eacnamaíochta agus an phobail agus é mar fhís fhoriomlán againn Tús Áite a thabhairt do na Daoine – ionas go gcuirtear folláine agus caighdeán na saoránach agus na bpobal chun cinn.

Táthar anois ag tosú amach ar thréimhse an-spéisiúil agus táthar ag tnúth le forbairt mhór agus feabhsú mór a dhéanamh ar chúrsaí cultúir i gContae na Gaillimhe lena linn. Cuireann Gaillimh 2020, is é sin, an t-ainmniúchán mar Phríomhchathair Chultúir na hEorpa, infheistíocht agus athnuachan straitéiseach a bhfuil géarghá leo, ar fáil rud a chinnteoidh go gcuirfear le hacmhainneacht agus le deiseanna, go háirithe i gceantair tuaithe a bhfuil meath ag tarlú iontu faoi láthair. Mar chuid dár dtiomantas i leith cuidiú leis an gclár seo a thabhairt i gcrích, déanfar infheistíocht airgid chun tacaíocht a thabhairt dár bpobail i leith

AS CHIEF EXECUTIVE, I am delighted to welcome Galway County Council's Culture and Creativity Strategy 2018–2022 which directly follows our Culture and Creativity Plan 2017 developed under the national Creative Ireland Programme.

The Creative Ireland Programme is the Government's Legacy Programme from Ireland 2016. It is a five-year all-of-government, culture-based initiative that emphasises the importance of human creativity for individual, community and national wellbeing. Our strategy provides us with a framework that will assist in the cultural advancement of our County. Creative Ireland facilitates an enhanced level of coordination, focus and leadership to existing policies and initiatives across national and local government, State agencies, the arts and cultural sector, Gaeltacht and Irish language organisations and can provide a link to private business and the creative industries sector. It will support and enhance the wide range of cultural programmes already in place through our arts office, libraries, conservation, heritage, economic development and Irish language provisions in the Council. The collaborative approach of our Culture Team demonstrates how we can significantly leverage existing projects to magnify the scale and reach of our Creative Ireland initiative in terms of budget, numbers of participants and positive impact on the quality of life of people living in County Galway.

We have worked collaboratively with the community to draft a strategy that reflects Creative Ireland's ethos and values in County Galway. We have drawn reference from a wide range of key national and regional policy documents. Our local references include: Galway County Local Economic and Community Plan (LECP) 2016–2022, Galway County Draft Heritage and Biodiversity Plan 2017–2022, Galway County Development Plan 2015–2022, Galway County Council Corporate Plan 2015–2022, The WRAP Fund 2015-2017 and our Irish Language Scheme. Our key statistics are drawn from a range of sources (CSO, GeoDirectory and www.galwaydashboard.ie). The values in this strategy align with our LECP plan, its wide-reaching objectives and actions designed to promote and support the economic and local / community development in County Galway in partnership with other economic development and community stakeholders with an overarching vision of Putting People First – "to promote the well-being and quality of life of citizens and communities".

We are now entering a very exciting period which we expect will greatly enhance and develop culture in County Galway. Galway 2020; the European Capital of Culture designation offers the creative sector in our County much needed strategic investment and renewal, ensuring capacity building and opportunity, particularly in rural areas currently experiencing decline. Our commitment to assist with the delivery of this programme includes financial investment, supporting our communities to avail of the many opportunities taking place in the rural landscape and supporting the initiative through our other work programmes.

leas a bhaint as na deiseanna iomadúla atá ar fáil i gceantair tuaithe agus i leith tacaíocht a thabhairt don tionscnamh trí chláir oibre eile.

Mar gheall ar an tairiscint a rinne an Chomhairle le gairid agus ar ghlac Music Generation léi, maidir le hoideachas sa cheol a chur ar fáil ar fud an Chontae, cuirfear go mór leis an oideachas ceoil atá ar fáil ag leanaí sa Chontae. Tabharfaidh an MEP (Music Education Partnership) an clár tosaigh trí bliana seo de chuid Music Generation i gcrích agus beidh buiséad €1.2m ag gabháil leis sin ina gcuimsítear infheistíocht de chuid Music Generation, GRETB agus Chomhairle Chontae na Gaillimhe. Faoin mbliain 2021, beidh níos mó ná 3,500 leanbh agus duine óg (san aoisghrúpa 0–18) páirteach i gcláir de chuid Music Generation.

De bhreis air sin tá Cathair agus Contae na Gaillimhe ainmnithe mar Réigiún Eorpach Gastranamaíochta 2018, rud a dhaingníonn an dea-chlú atá ar Ghaillimh ar fud na hEorpa mar cheann scríbe iomráiteach ó thaobh cúrsaí cócaireachta de. Tá an Chomhairle, atá ina comhlacht eagraithe agus ina páirtnéir ceannais ina leith sin, tar éis clár uaillmhianach don bhliain 2018 a sheoladh. Leagfar béim de bharr an ainmniúcháin seo ar an ról tábhachtach atá ag cultúr an bhia san Iarthar agus cruthófar deiseanna do phobail éagsúla chun cíoradh a dhéanamh ar ár bhféiniúlacht chultúir agus ar ár n-oidhreacht shaibhir atá fréamhaithe go daingean inár dtírdhreach uathúil agus inár dtraidisiúin uaisle tuaithe. Tá an t-ainmniúchán mar Réigiún Eorpach Gastranamaíochta ina ghné thábhachtach d'fheabhsú ár n-earnálacha cultúir, turasóireachta agus cruthaitheachta agus déanfar éascófar an obair sin tuilleadh trínár straitéis maidir le hÉire Ildánach.

Our recent successful Music Generation bid; to deliver a County-wide music education programme, will significantly enhance the landscape of music education provision for our children. The MEP (Music Education Partnership) will deliver this initial three-year Music Generation programme, with a €1.2m budget that includes investment from Music Generation, GRETB and Galway County Council. By 2021, over 3,500 children and young people (aged 0 to 18) will be participating in Music Generation Programmes.

In addition, Galway City & County has been designated European Region of Gastronomy 2018, galvanising our reputation throughout Europe as a well-regarded culinary destination. As organising body and lead partner, we have just launched our ambitious programme for 2018. This award will focus attention on the vital role of food culture in the West while creating opportunities for our communities to explore our strong cultural identity and rich heritage, firmly rooted in our unique landscape and proud rural traditions. The European Region of Gastronomy designation is a key element for the enhancement of our cultural, tourism and creative sectors and this will be further facilitated by our Creative Ireland strategy.





Déanfar Bliain Eorpach na hOidhreachta Cultúir 2018 a chur chun cinn le clár Éire Ildánach na Comhairle agus, chomh maith leis sin, leis an obair a dhéanann an oifig oidhreachta. I mbliana, tá sé i gceist go dtabharfar spreagadh i leith Oidhreacht Cultúir na hEorpa a chur in iúl agus a thuiscint agus táthar ag díriú ar imeachtaí a mbíonn páirt ag na saoránaigh uilig iontu agus a chuidíonn leis an tuiscint a chothú go mbaineann na daoine le haon spás Eorpach amháin. Beidh an tOifigeach Oidhreachta ina Ambasadóir i gContae na Gaillimhe maidir leis an tionscnamh seo. Tá Bliain na Gaeilge á ceiliúradh chomh maith i rith na bliana 2018 mar cheiliúradh náisiúnta ar athbheochan na Gaeilge le 125 bliana anuas. Tá an ceiliúradh sin ina spreagadh againn maidir le smaoineamh ar chruthaitheacht agus ar bheocht na teanga, le meas a thabhairt ar luach na Gaeltachta agus le díriú ar rannpháirtíocht an phobail a chothú le himeachtaí éagsúla cruthaitheachta, ealaíon agus pobail ar fud an domhain. Beidh an Chomhairle ag cuidiú leis an gceiliúradh náisiúnta sin i gclár Éire Ildánach na bliana 2018.

Mar fhocal scoir, beidh cur i gcrích rathúil na straitéise seo ag brath ar neart ár gcuid comhpháirtíochtaí pobail. Léiríonn na tosaíochtaí a leagtar amach sa straitéis seo an méid mór oibre a dhéanann an Chomhairle chun feabhas a chur ar shaol an phobail. Léiríonn siad cuspóir fadtéarmach chlár Éire Ildánach, is é sin le rá, go gcuirtear feabhas ar fholláine an duine aonair agus ar an bhfolláine chomhchoiteann trí rannpháirtíocht mhéadaithe a bheith ann i ngníomhaíochtaí cruthaitheachta ag gach céim de shaol an duine. Tagann an maoiniúchán chun plean na bliana 2018 a chur i bhfeidhm go díreach ó ranna rialtais trí Éire Ildánach. Sa bhliain 2017, fuarthas €64,000 i gcomhair chlár Éire Ildánach 2017 agus beidh na Pleananna Forfheidhmiúcháin ar fad atá bunaithe ar an

Our Creative Ireland programme in conjunction with the work of our heritage office will be instrumental in promoting the European Year of Cultural Heritage, 2018. This year sets out to encourage the sharing and appreciation of Europe's Cultural Heritage and is geared towards involving all citizens in events that help to promote a sense of belonging to a common European space. Our Heritage Officer will act as Ambassador for this initiative in County Galway. In 2018, we also celebrate Bliain na Gaeilge, the national celebration of the revival of the Irish Language over the last 125 years. This celebration inspires us to reflect on the creativity and vibrancy of the language, to value our Gaeltacht's and to focus on encouraging strong participation from the community through a variety of creative, artistic and community events around the world. We will be supporting this national celebration in our Creative Ireland programme for 2018.

Finally, the key to the successful delivery of this strategy is the strength of our community partnerships. The priorities outlined in this strategy demonstrates the large volume of work carried out by this Council to enhance the life of our communities. It reflects the long-term objective of the Creative Ireland Programme, that individual and collective wellbeing is enhanced through increased participation in creative activity at all stages of life. Funding for the delivery of our 2018 plan comes directly from government departments via Creative Ireland. In 2017, we received €64,000 towards our Creative Ireland 2017 programme and all Implementation

Straitéis seo faoi réir ag cistí a bheith ar fáil. D'ainneoin srianta buiséadacha a bheith ann, táthar tiomanta i leith leanúint de chomhoibriú leantach lenár bpobail áitiúla trí bhíthin an chláir seo. Is mian liom moladh a thabhairt maidir leis an tiomantas agus leis an gcur chuige comhoibríoch atá léirithe ag an Meitheal Cultúir inmheánach agus iad ag feidhmiú i ndáil leis na deiseanna uathúla atá ar fáil dár bpobail mar gheall ar thionscnamh seo Éire Ildánach.

**Kevin Kelly**
Príomhfheidhmeannach

Plans based on this Strategy will be subject to available funding. Notwithstanding budgetary constraints we are committed to continued collaboration through this programme with our local communities. I wish to commend the commitment and collective approach of our internal Culture Team in responding to the unique opportunities offered to our communities through this Creative Ireland initiative.

**Mr. Kevin Kelly**
Chief Executive



*Dún Aonghasa,*
*Inis Mor,*
*(Conor Luddy)*

# 3 Cultúr agus Cruthaitheacht i gContae na Gaillimhe
## Culture and Creativity in County Galway

SÍNEANN TEORAINNEACHA NA Gaillimhe ó Aigéan an Atlantaigh san iarthar go dtí an talamh féaraigh taobh leis an tSionainn ar an taobh thoir agus tá éagsúlacht ag baint leis an gcontae ó thaobh cultúir, cúrsaí sóisialta, gnéithe geolaíochta agus gnóthaí eacnamaíochta de. Léiríonn agus ceiliúrann ár gcuid tosaíochtaí uathúlacht Chontae na Gaillimhe, mar aon le léiriú a thabhairt, agus ceiliúradh a dhéanamh, ar ár gcuid oileán, ar ár stair, ar ár gcultúr, ar ár n-oidhreacht, ar ár dteanga, ar ár dtírdhreach agus ar ár ndaoine, agus cruthaíonn siad spásanna agus deiseanna do na saoránaigh leas a bhaint as na deiseanna cruthaitheachta agus cultúir atá á dtabhairt dóibh trí thionscnamh Éire Ildánach.

Tá iléagsúlacht chultúir ag baint le Contae na Gaillimhe agus is ann atá an daonra Gaeltachta is mó sa tír. Is Contae uilechuimsitheach é ina bhfuil tuiscint shoiléir ar fhéiniúlacht agus féachaimid le comhoibriú lena chéile d'fhonn acmhainneacht iomlán na Gaillimhe agus phobal na Gaillimhe a bhaint amach, ó thaobh cúrsaí eacnamaíochta, sóisialta, pobail, teanga agus cultúir de, trí dheis rannpháirtíochta a chur ar fail do na saoránaigh.

Sa bhliain 2017, seoladh an chéad Chlár Éire Ildánach de chuid Chontae na Gaillimhe, rud a tháinig sna sála ar chlár rathúil chomóradh céad bliain 1916. D'eascair an rath a bhí ar chlár na bliana 2016 as leibhéal an chomhoibrithe, nach raibh a leithéid ann roimhe, idir ranna agus gníomhaireachtaí agus a raibh Comhairle Chontae na Gaillimhe i gceannas air, agus ba léiriú é sin ar chumhacht urghnách na cruthaitheachta cultúir i leith pobail a thabhairt le chéile. B'ionann cineachadh na freagrachta maidir le clár Éire Ildánach chuig na húdaráis áitiúla agus tacú leis an ról fíortábhachtach atá againn trínár Meitheal Cultúir maidir le tionchar a imirt ar an bpobal, agus sinn ag

WITH BORDERS STRETCHING out into the Atlantic Ocean in the west and pastureland touching the River Shannon in the east, County Galway is a diverse area, culturally, socially, geologically and economically. Our strategic priorities reflect and celebrate County Galway's uniqueness; our islands, history, culture, heritage, language, landscape and people, creating space and opportunity for our citizens to grasp the creative and cultural baton that is being passed to them through the Creative Ireland initiative.

Culturally diverse, County Galway is also home to Ireland's largest Gaeltacht population. As an inclusive County with a clear sense of identity we strive to work together towards achieving the full economic, social, community, linguistic and cultural potential of Galway and its people through citizen engagement.

In 2017, we launched our first Galway County Creative Ireland Programme following on from a successful 1916 centenary programme. The success of this 2016 programme came from an unprecedented level of interdepartmental and interagency collaboration led by Galway County Council and it illustrated the extraordinary power of cultural creativity to bring communities together. The devolution of responsibility for the Creative Ireland programme to local authorities supports the crucial role we play through our Culture Team to make an impact within our community, working collaboratively to increase participation in the arts, to boost our creative industries and preserve our heritage with a focus on language, landscape and the environment,



oibriú go comhoibríoch chun rannpháirtíocht sna healaíona a mhéadú, chun borradh a chur faoinár dtionscail chruthaitheacha agus chun ár n-oidhreacht a chaomhnú, agus béim á leagan ar an teanga, ar an tírdhreach agus ar an timpeallacht.

Bhí aidhmeanna agus smaointe cruthaitheacha an phobail le sonrú i gclár Éire Ildánach 2017 na Gaillimhe. Chuir na cláir nua a tionscnaíodh faoi phlean Éire Ildánach an chontae feabhas ar na tionscnaimh iomadúla a bhí ar bun cheana féin agus ar na pleananna oibre atá á dtabhairt i gcrích i measc an phobail faoi láthair ag gach duine den Mheitheal Cultúir. Bunaíodh clár oibre na bliana 2017 ar théamaí maidir le féiniúlacht, cultúr agus saoránacht i gcomhréir leis an sainordú atá againn i leith Colún 2 de chlár Éire Ildánach – Bonn a chur faoin gCruthaitheacht i ngach Pobal – a thabhairt i gcrích. Mar thoradh ar chlár Éire Ildánach s'againn féin, beidh leibhéal níos airde comhordúcháin, fócais agus ceannaireachta ann i ndáil le polasaithe agus tionscnaimh reatha ar fud an údaráis áitiúil rud a chruthóidh sinéirge níos mó idir earnálacha na n-ealaíon, na hoidhreachta agus an chultúir faoi mar atá faoi láthair ar bhealach a chuireann le caighdeán an tsaoil i measc an phobail.

Tá ról thar a bheith tábhachtach ag cúrsaí Cultúir agus Cruthaitheachta thar raon leathan seirbhísí taobh istigh de Chomhairle Chontae na Gaillimhe. Tá taithí na mblianta ag an Oifig Ealaíon i ndáil le cláir chruthaitheachta a fhorbairt in éineacht le scoileanna, grúpaí pobail agus ealaíontóirí ar fud an Chontae, i ndáil le tacú leo agus i ndáil le comhoibriú leo. Bíonn clár oibre dinimiciúil na hoifige dírithe gach bliain ar chuid mhór tionscadal tábhachtach; ag oibriú i gcomhpháirtíocht le heagraíochtaí ealaíon tábhachtacha, ag cur leis an acmhainn maidir le cineálacha áirithe ealaíon a fhorbairt,

Our 2017 Creative Ireland programme reflected the aspirations and creative ideas of our communities. New programmes launched under the County's Creative Ireland plan enhanced the already extensive initiatives and work plans currently being delivered by each member of the Culture Team within the community. This 2017 programme was built around themes of identity, culture and citizenship in alignment with our mandate to deliver on Pillar 2 of the Creative Ireland programme – Enabling Creativity in Every Community. Our Creative Ireland programme will bring an enhanced level of coordination, focus and leadership to existing policies and initiatives across our local authority affording greater synergy between our existing arts, heritage and cultural sectors to enhance life in our communities.

Culture and Creativity plays a vital role across a wide range of services within Galway County Council. The Arts Office has a long track record in supporting, collaborating and developing creative programmes with schools, community groups and artists across the County. Each year its dynamic programme focuses on many important projects; working in partnership with key arts organisations, building capacity for art-form development, supporting artists and providing quality opportunities for all our citizens to engage in and enjoy the arts. Our ongoing extensive programme

ag cuidiú le healaíontóirí agus ag soláthar deiseanna maithe do na saoránaigh ar fad sásamh agus taitneamh a bhaint as na healaíona. Í measc na gclár leanúnach atá ar bun i gcónaí againn, áirítear Scéim maidir le hEalaíontóir sa Scoil, Féile Leabhar do Leanaí, Burning Bright (tionscadal do dhaoine scothaosta), ceardlanna anamúlachta, féilte, cónaitheachtaí don réimse damhsa agus amharclannaíocht, cláir don óige agus cónaitheachtaí d'ealaíontóirí i bpobail agus i suíomhanna cúram sláinte. Cuirtear cúnamh tábhachtach ar fáil freisin d'ealaíontóirí atá ag obair agus ag maireachtáil sa Chontae, lena n-áirítear sparánachtaí, meantóireacht agus tacaíochtaí le haghaidh léiriúchán.

Bhí ár gcuid Leabharlann lárnach riamh anall i saol an phobail i gContae na Gaillimhe agus iad ina spásanna bríomhara cathartha agus cultúrtha ina gcothaítear an chruthaitheacht agus an smaointeoireacht. I gcás cuid mhór de na luathfhoghlaimeoirí, is sa Leabharlann a thagann siad ar dheiseanna, den chéad uair, chun scód a ligean leis an tsamhlaíocht trí spraoi cruthaitheach agus tríd an litríocht. Déantar gach dícheall dóthain spáis a chur ar fáil sna leabharlanna don scéalaíocht agus do bhearta eile trína gcumasaítear do leanaí fás agus forbairt. Is fada an Leabharlann ina ionad cruinnithe agus ina hacmhainn fhiúntach ag daoine den phobal áitiúil. As seo go ceann 5 bliana, beifear ag díriú ar lánpháirtiú agus ar chomhtháthú a thabhairt níos faide chun cinn trí na pleananna oibre reatha agus, mar thacaíocht ina leith sin, beidh roinnt tionscnaimh tábhachtacha ann faoi chlár Éire Ildánach s'againn féin. Eagraíodh cuid mhór tionscnamh píolótach i Leabharlanna an Chontae i rith na bliana 2017, ina measc Féile Téaduirlisí Bhéal Átha na Sluaighe, féile ceoil nuabhunaithe a raibh na téaduirlisí mar théama lena linn. Ar feadh dhá lá, bhí éagsúlacht mhór

features an Artist in Schools Scheme, Children's Book Festival, Burning Bright (an older year's project), animation workshops, festivals, dance and theatre residencies, youth programmes and artistic residencies in communities and healthcare settings. We also provide much needed support to artists working and living in the County including artist bursaries, mentoring and production supports.

Our Libraries have always been central to community life in County Galway as dynamic civic and cultural spaces where creativity and ideas are born and nurtured. For many of our early learners the Library is the first place they encounter opportunities to expand their imagination through creative play and literature. We strive to provide adequate space in our libraries for storytelling and other children's initiatives to grow and expand. The Library has long been a meeting place and valued resource for members of our local communities. Over the next 5 years we will focus on the furthering of integration and cohesion through our existing work plans, supported by a number of key initiatives through this Creative Ireland programme. In 2017 our County libraries featured many successful pilot projects including the Ballinasloe String Festival, an inaugural two-day music festival with a common thread – strings. Over the course of two days Ballinasloe Library played host to a variety of vocal and instrumental talent, both local and international. This new and successful festival offers audiences a blend of musical genres performed by world renowned and up-and-coming musicians, which is open and free to the public making it accessible to all.



*Cruinniú na nÓg 2018*

d'amhránaithe agus de cheoltóirí, ón áit agus isteach thar sáile, i Leabharlann Bhéal Átha na Sluaighe. Cuireann an fhéile nua seo, ar éirigh go maith léi, meascán de sheánraí ceoil ar fáil don lucht éisteachta. Bhí ceoltóirí a bhfuil cáil ar fud an domhain orthu agus ceoltóirí atá ag teacht chun cinn faoi láthair ag seinm agus bhí cead isteach gan táille chuig na coirmeacha ceoil ionas go raibh siad ar fáil ag an uile dhuine.

Fágann an t-ainmniúchán mar Réigiún Eorpach Gastranamaíochta i rith na bliana 2018 go bhfuil deis againn ní amháin cultúr iontach an bhia i nGaillimh a chur ar taispeáint ach cur le heolas agus le tuiscint daoine chomh maith; is é an ceangal idir bia agus cultúr atá i gceist le gastranamaíocht dáiríre. As seo go ceann 5 bliana, beifear ag súil le haird a tharraingt ar obair iontach an lucht cócaireachta, bialainne, iascaireachta agus feirmeoireachta sa chontae trí thionscnaimh agus trí imeachtaí éagsúla a bheidh dírithe ar cheiliúradh a dhéanamh ar an éagsúlacht chócaireachta atá ar fáil i nGaillimh ar bhealach atá ar fáil ag an uile dhuine. Tá de chuspóir againn an ghastranamaíocht a úsáid mar bhealach ina gcuideofar le dul i ngleic le saincheisteanna maidir le huilechuimsitheacht shóisialta, imeallú agus idirdhealú agus, ag an am céanna, ar bhealach ina gcothaítear meas agus urraim. Tá sraith mór-imeachtaí agus cruinnithe pobail san áireamh sa chlár: Food Culture Carnival – Intercultural Street Feasts lena ndéantar ceiliúradh ar an éagsúlacht chócaireachta ar bhealach sorochtana agus Our Food Histories – tionscadal idirghlúine atá dírithe ar thaifeadadh a dhéanamh ar na sean-nósanna bia ar na hoileáin agus inár bpobail ar Shlí an Atlantaigh Fhiáin, chomh maith le sean-nósanna na 'nÉireannach nua' a thaifeadadh.

Ós rud é go bhfuil Cathair na Gaillimhe agus an Contae ainmnithe mar Cheantar Scannánaíochta de chuid UNESCO, ar

Our European Region of Gastronomy designation for 2018 presents us with a platform to not only showcase our wonderful food culture but also provides us with an opportunity to educate; gastronomy in its simplest sense is the relationship between food and culture. Over the next 5 years we hope to build on the remarkable work of our chefs, restauranteurs, fishermen and farmers through a series of initiatives and events aimed at celebrating Galway's culinary diversity in a way that is accessible to all. Our aim is to use gastronomy as a tool to help address social inclusion, marginalisation and discrimination while simultaneously fostering mutual respect. Our programme features a series of major events and community gatherings to include: Food Culture Carnival – Intercultural Street Feasts which celebrate our culinary diversity in an accessible manner to Our Food Histories – an Inter-generational project aimed at recording the food traditions of our islands and communities along the Wild Atlantic Way, as well as documenting the traditions of the 'new Irish'.





ainmniúchán buan domhanda é, tá Gaillimh i lár an aonaigh mar ionad sármhaitheasa maidir le tionscal na meán cruthaitheachta. Is é atá san fhís fhoriomlán atá ann ná béim a leagan ar oidhreacht shaibhir, ar thraidisiún agus ar lorg na scannanaíochta sa réigiún, leathnú a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí cruthaitheacha atá ar siúl go leanúnach ó thaobh na scannánaíochta de, agus cur leis an tairbhe shóisialta, eacnamaíochta agus chultúir a éiríonn as sin sa chathair agus ar fud an Chontae. Is é Ionad Scannánaíochta na Gaillimhe, i gcomhar le Comhairle Cathrach na Gaillimhe agus Comhairle Chontae na Gaillimhe, atá i gceannas ar an tionscadal seo agus beidh Ceantar Scannánaíochta UNESCO dírithe ar chur leis an tuiscint atá ag daoine maidir leis an scannánaíocht agus na meáin, ar thionscal na scannánaíochta agus na teilifíse, atá ag deanamh go maith cheana féin, a mhéadú tuilleadh, ar leathnú a dhéanamh ar an lucht féachana agus ar infheistíocht a spreagadh. Le blianta beaga anuas, tá Gaillimh tar éis teacht chun bheith san iomaíocht le Baile Átha Cliath mar mhol le haghaidh earnáil na dtionscal cruthaitheachta, agus is é is cúis leis sin ná an t-iomrá traidisiúnta atá ar Ghaillimh le fada mar mhol cruthaitheachta. Tá leas maith bainte as an scannánaíocht chun oidhreacht shaibhir cultúir na Gaillimhe a chur in iúl agus bhí baint mhór ag an Oifigeach Oidhreachta leis sin tríd an obair atá déanta i gcomhar le pobail chun na sócmhainní agus na hacmhainní áitiúla atá ann a thaifeadadh agus a scrúdú.

Os rud é gurb é Contae na Gaillimhe an contae is mó a bhfuil daonra Gaeltachta ann ar fud na tíre, tá an Ghaeilge ina bunghné d'fhéiniúlacht cuid mhór dár bpobal, ní hamháin sa Ghaeltacht ach ar fud an Chontae chomh maith. Aithnímid an Ghaeilge mar chuid dár n-oidhreacht uathúil luachmhar agus leantar

Following Galway City and County's designation as UNESCO City of Film, a permanent global designation, Galway has been put firmly on the world stage as a centre of excellence in the creative media industries. Its overall vision is to bring into focus the rich heritage, tradition and legacy of film in the region, to extend ongoing creative activities occurring through film and enrich the social, economic and cultural benefit for the city and County. Led by the Galway Film Centre, in collaboration with Galway City and County Councils, UNESCO City of Film's focus is to enhance film and media literacy, grow our already healthy film and television industry, to expand audiences and encourage investment. In recent years Galway has come to rival Dublin as a hub for the creative industries sector, building on its traditional reputation as a hub for creativity. Film has been successfully used to showcase our rich cultural heritage, this has been led by our Heritage Officer, working in collaboration with communities, documenting and exploring local assets and resources.

As the County with the largest Gaeltacht population in the country, the Irish language (Gaeilge) is fundamental to the identity of many of our communities not only in the Gaeltacht but across the County. We recognise the Irish language as our unique and precious inheritance

de thacaíocht a thabhairt di, agus de bheith á cur chun cinn, trí cheiliúradh a dhéanamh ar ghnéithe éagsúla den traidisiún atá bainteach léi, mar shampla an ceol traidisiúnta agus an damhsa Gaelach (damhsa ar an sean-nós san áireamh). Tugtar tacaíocht, tríd an Oifigeach Gaeilge, do thionscnaimh éagsúla chun úsáid na Gaeilge a chur chun cinn. Tá an bhliain 2018 ainmnithe mar Bhliain na Gaeilge agus beidh clár náisiúnta bliana ann ina gcuimsítear bearta agus imeachtaí cruthaitheachta, ealaíon agus pobail chun ceiliúradh a dhéanamh ar an teanga agus chun leathnú ar úsáid na teanga a spreagadh. Tacaímid go hiomlán le Bliain na Gaeilge 2018 ach ní hé sin bun agus barr thacaíocht na Comhairle maidir leis an nGaeilge. Tá sé beartaithe againn, as seo go ceann cúig bliana, tionscadail a bhaineann le teanga agus le cultúr na Gaeltachta a chur chun cinn agus tacú le tionscadail den sórt sin.

Dála gach gné eile den saol cultúir i gContae na Gaillimhe, tarraingíonn cúrsaí oidhreachta spéis mhór agus bíonn cuid mhór daoine páirteach sna himeachtaí a bhaineann le cúrsaí oidhreachta. Leanann Comhairle Chontae na Gaillimhe den oidhreacht agus den bhithéagsúlacht a chur i gcroílár an tsaoil phoiblí. Trí chur leis an tuiscint, leis an rannpháirtíocht, leis an taitneamh, leis an eolas agus leis an meas atá ann i dtaca lenár n-oidhreacht chomhroinnte de, tá sé mar aidhm againn bainistíocht chaomhantais chuí a chothú le go ndéanfar an oidhreacht sin a choimirciú do na glúnta atá le teacht. Tacaíonn an Oifig Oidhreachta le cuid mhór grúpaí pobail trí bhíthin clár gníomhaíochtaí forleathana, ar gníomhaíochtaí iad a chabhraíonn leis na grúpaí lena mbaineann tionscadail atá bainteach leis an oidhreacht fhoirgnithe, nádúrtha nó chultúir a chur i gcrích, agus, ina theannta sin, trí bhíthin cláir phoiblí agus tacaíochtaí forleathana eile.

and we continue to support and promote it by celebrating the different traditional aspects linked to it including traditional Irish music and dance (including sean-nós). Through our Irish Language Officer, we support a range of initiatives to promote the use of the Irish Language. 2018 has been named Bliain na Gaeilge, a national year-long programme of creative, artistic and community activities and events planned to celebrate and encourage increased participation in the language. We are in full support of Bliain na Gaeilge 2018 but our support for the Irish language will not end here. Over the next five years, it is our intention to promote and support projects that capture both the language and culture of the Gaeltacht.

Heritage, like all other aspects of cultural life in County Galway attracts significant community interest and engagement. Galway County Council continues to place heritage and biodiversity at the heart of public life. Through increasing awareness, participation, enjoyment, knowledge and understanding of our shared heritage we aim to foster proper conservation management to safeguard it for future generations. The Heritage Office supports many community groups with a wide reaching programme of activities, assisting them in the delivery of built, natural or cultural heritage projects alongside extensive public programmes and supports.

*Cruinniú na nÓg 2018*







*"Beidh meas ar shaibhreas oidhreachta agus bithéagsúlachta Chontae na Gaillimhe, tuigfear an fiúntas atá leis agus déanfar a chaomhnú agus a fheabhsú ar bhealach lena léirítear tuiscint ar an stair, ar riachtanais na linne seo agus ar chúrsaí inmharthanachta maidir leis an am atá le theacht."*
**Plean Oidhreachta agus Bithéagsúlachta Chontae na Gaillimhe 2017 – 2022**

Chuaigh Tionscadal Oidhreacht Ghastranamaíochta na Gaillimhe, a bhfuil an Oifig Oidhreachta agus Aonad Uilechuimsitheachta Sóisialta Chomhairle Chontae na Gaillimhe i gceannas air i gcomhpháirtíocht le grúpaí oidhreachta áitiúla, le líonraí, le scoileanna, le daoine aonair agus le hIonad Shaol na Tuaithe de chuid Ard-Mhúsaem na hÉireann, i mbun taifeadadh a dhéanamh ar oidhreacht shaibhir ghastranamaíochta na Gaillimhe ar www.heritage.galwaycommunityheritage.org. Fuarthas tuilleadh tacaíochta don tionscadal mórscála seo ó chlár Éire Ildánach Chontae na Gaillimhe agus tá tús maith leis an obair agus níos mó ná 1,000 mír curtha leis an láithreán gréasáin ag grúpaí pobail áitiúla, ina measc, oidis cócaireachta, grianghraif agus eolas eile. Leanfar de chuidiú leis an tionscadal seo agus dá fhorbairt d'fhonn a chinntiú go mbeidh oidhreacht ghastranamaíochta ar fáil go buan ag muintir an Chontae.

Déanann Comhairle Chontae na Gaillimhe, trí Thionscnamh na Sócmhainní Stairiúla, cúram agus caomhnú na bhfoirgneamh sainspéise atá faoina cúram a chur chun cinn agus cuirtear treoir agus comhairle faoin dea-chleachtas ar fáil maidir le hobair chaomhnúcháin agus scileanna traidisiúnta ionas go gcaomhnaítear foirgnimh ar díol spéise iad ar fud an chontae. Oibrítear ar thionscadail in éineacht le grúpaí a thugann aire d'fhoirgnimh áitiúla d'fhonn iad a choinneáil in úsáid. Chomh maith le caomhnú na hailtireachta, féachtar chomh maith, tríd an Oifigeach Caomhantais, le tuiscint agus meas ar an oidhreacht fhoirgnithe a chothú. B'ionann an tacaíocht a tugadh d'fhéile Architecture at the Edge i gclár Éire Ildánach 2017 an Chontae agus léiriú ar an aidhm fhoriomlán maidir lena thaispeáint conas a fheabhsaíonn dearthóireacht caighdeán an tsaoil agus, ag an am céanna, aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna tábhachtacha i measc an phobail a réiteach trí ailtireacht lena ngabhann freagracht. Rinneadh tástáil phíolótach i rith na bliana 2017 chomh maith ar thionscadal ENtopia sa Ghort; is clár meantóireachta é ENtopia agus é bunaithe ar mhúnla Eorpach faoina dtugtar cuireadh do phobail inbhuanaitheacht agus tarraingteacht a mbaile a fheabhsú le go bhféadfaidís féin taitneamh a bhaint astu agus le go bhféadfaí acmhainneacht eacnamaíochta agus shóisialta gach 'Áit' ar leith a chomhroinnt agus a fheabhsú ar mhaithe le fostaíocht agus turasóireacht.

Tá tábhacht faoi leith ag comhchuimhne mhuintir na Gaillimhe maidir le féiniúlachtaí cultúir a chaomhnú, ós rud é líonann sí an bhearna idir an t-am atá caite agus an t-am i láthair agus go múnlaíonn sí an t-am atá romhainn. Is cuid mhór den ábhar cuimhne sin an oidhreacht dhoiciméadach atá ann i gCartlann Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus ina léirítear an éagsúlacht a bhaineann le muintir, le stair agus le cultúr an chontae. Féachann an Chartlann leis an lón cuimhne sin a chaomhnú, a bhainistiú agus a chur ar fáil ar bhonn leanúnach. Ós rud é go nglactar leis, níos mó ná riamh, gur ceart é a ghabhann le saoránacht rochtain a fháil ar an oidhreacht dhoiciméadach sin, leanfaidh an Chartlann den ábhar thar a bheith luachmhar sin a bhailiú, a chaomhnú, a thaifeadadh agus a bhainistiú.

*"The rich heritage and biodiversity of County Galway will be cherished, valued, conserved and enhanced in a manner that is respectful of our past, mindful of our present needs and sustainable for future generations."*
**Galway County Heritage and Biodiversity Plan 2017 – 2022**

The Galway Gastronomy Heritage Project led by the Heritage Office and Social Inclusion unit of Galway County Council in partnership with local heritage groups, networks, schools, individuals and the National Museum of Ireland Country Life, embarked on documenting Galway's rich gastronomic heritage on www.heritage.galwaycommunityheritage.org. This large-scale project was further supported by our Creative Ireland programme and is well underway with up to 1.000 items including recipes, photographs and information uploaded to the website by local community groups. We will continue to support and further develop this project with the intention of ensuring a lasting gastronomical heritage legacy for our communities.

Galway County Council through its Historical Assets Initiative, actively promotes the care and conservation of structures of special interest in its protection, offering guidance and best practice in conservation and traditional skills to preserve buildings of interest in the community. We engage in projects with groups who care for and rejuvenate local buildings with a view to preserving their use. Alongside architectural conservation we also strive through our Conservation Officer to create awareness and appreciation of the designed built environment. Supporting the Architecture at the Edge Festival in our 2017 Creative Ireland Programme reflected our overall aim to demonstrate how design enhances quality of life, while addressing important issues of society through responsible architecture. In 2017, we also piloted an ENtopia project in Gort; ENtopia, a mentoring programme based on a European model, inviting communities to improve their sustainability and attractiveness of their towns for their enjoyment and to share and improve the economic and social potential of each 'Place' for employment and tourism.

The collective memory of the people of Galway is of vital importance to preserving cultural identities, in bridging the past and the present and to shaping the future. The documentary heritage residing in Galway County Council Archives constitutes a major part of that memory and reflects the diversity of the people, history and culture of the County. The Archives strives on a continual basis to preserve, manage and make accessible that memory. As access to our documentary heritage is seen more and more as a right of citizenship our Archives will continue to collect, preserve, document and manage this irreplaceable material. In our efforts to democratise access, we will endeavour to continue to make collections accessible and expand our already significant digital archive, to facilitate global access to its diverse collections, which document our County's social, economic and political history and memory.

Agus sinn ag iarraidh an t-ábhar a chur ar fáil don oiread daoine agus is féidir, féachfaimid le leanúint de na bailiúcháin a chur ar fáil agus le leathnú a dhéanamh ar an gcartlann dhigiteach, ar cartlann shuntasach í cheana féin, agus, ar an gcaoi sin, rochtain dhomhanda a thabhairt ar na bailiúcháin éagsúla ina bhfuil taifead ar stair agus ar chuimhne an Chontae i leith cúrsaí sóisialta, eacnamaíochta agus polaitíochta.

Bíonn leas mhuintir Chontae na Gaillimhe lárnach do gach tionscadail a dtugtar faoi, lena n-áirítear rochtain fheabhsaithe a chur ar fáil ar ghníomhaíochtaí cultúir agus ealaíne agus a chinntiú go mbíonn rochtain ag an bpobal ar ghníomhaíochtaí spóirt agus aclaíochta agus go mbíonn deis acu páirt a ghlacadh sna gníomhaíochtaí sin. Tá fiúntas le spórt i bpobal áitiúil nach mbaineann leis an spórt amháin. Is féidir baint a bheith ag spórt le pobal a chomhtháthú, is féidir leis tionchar dearfach a imirt ar chúrsaí sóisialta agus cultúir, agus is féidir leis mórtas áite a chur chun cinn. Trí Chomhpháirtíocht Spóirt na Gaillimhe, déantar cláir aclaíochta atá oiriúnach do dhaoine de gach aois agus de gach réimse cumais a eagrú agus a chur ar fáil. An tseirbhís leabharlannaíochta agus an t-aonad uilechuimsitheachta sóisialta atá i gceannas ar chúrsaí a bhaineann le hÉire Shláintiúil, is é sin, an creatchóras náisiúnta maidir le bearta chun feabhas a chur ar shláinte agus ar fholláine mhuintir na hÉireann. Tá sé mar aidhm ag Éire Shláintiúil go mbeadh dea-shláinte choirp agus mheabhrach ag gach duine in Éirinn, agus go mbeadh meas ar fholláine, agus go mbeadh freagracht ar gach duine ar leithligh ina leith sin, ar gach leibhéal de shochaí na hÉireann, rud a thagann go breá le clár Éire Ildánach s'againn féin.

The wellbeing of the people of County Galway is central to every project we undertake, from increased access to culture and the arts, to ensuring that our communities have access to and engage in sport and physical activity. The value of sport to local communities extends beyond sport for sport's sake. It can play a role in bringing communities together, have a positive social and cultural impact, enhancing local pride and sense of place. Through the Galway Sports Partnership, we organise and deliver specific physical activity programmes suitable for all ages and abilities. Healthy Ireland, the national framework for action to improve the health and wellbeing of the people of Ireland, is currently being led by our library service and social inclusion unit. Healthy Ireland's aim is for everyone to enjoy physical and mental health and wellbeing to their full potential, where wellbeing is valued and supported at every level of society and is everyone's responsibility, complementing our Creative Ireland programme.





Sa chéad bhliain den chlár Éire Ildánach sa chontae seo, cuireadh níos mó ná deich gcinn de chláir éagsúla i gcrích ar a n-áirítear an méid seo a leanas: An Ailtireacht ar an Imeall, An Litríocht ar Siúl – Léamh Mór na Gaillimhe, Féile Téaduirlisí Bhéal Átha na Sluaighe, Oidhreacht Ghastranamaíochta na Gaillimhe, Mindful Lego do Dhaoine Fásta, Amhráin do na Leanaí – tionscadal taighde, cumadóireachta agus taibhiúcháin, ENtopia an Ghoirt, Tost na Leabhar agus imeacht mórscála Chruinniú na Cásca i mBaile Átha an Rí i rith dheireadh seachtaine na Cásca. Ábhar spreagtha a bhí i dtuairimí an phobail agus leanfar den obair a ghabhann le cuidiú le daoine aonair, le grúpaí agus le heagraíochtaí i gContae na Gaillimhe chun ócáidí cultúir a chruthú sna háiteanna iontacha draíochtúla. Tá sé mar aidhm againn rud a bheith ag tarlú i ngach áit don uile dhuine.

In its first year, our Creative Ireland programme delivered and supported over ten distinct programmes which include: Architecture at the Edge, Literature on The Move – Galway's Great Read, Ballinasloe Strings Festival, Galway's Gastronomical Heritage, Mindful Lego for Adults, Songs for Our Children – A song research, composition and performance project, ENtopia Gort, Silent Books Project and the large scale Cruinniú na Cascá event which took place in Athenry over the Easter weekend. Encouraged by the positive public response, we will continue to work to support individuals, groups and organisations in County Galway – creating unique cultural experiences in the most unlikely of magical places. Our aim is to create something for everyone, everywhere.




*Pádraic Ó Conaire – Great Read Launch 2017*

# 4 Fís Éire Ildánach do Chontae na Gaillimhe
## The Creative Ireland Vision for County Galway

IS É ATÁ i bhfís Éire Ildánach go mbeadh an deis ag gach duine ar a bhfuil cónaí in Éirinn a theacht in inmhe go hiomlán ó thaobh na cruthaitheachta de. Déantar an fhís sin a shaothrú trí Cúig Cholún a ghabhann le Clár Éire Ildánach.

**Colún 1**
Scód a ligean le Cumas na Cruthaitheachta i ngach Leanbh

**Colún 2**
Bonn a chur faoin gCruthaitheacht i ngach Pobal

**Colún 3**
Infheistíocht san Infreastruchtúr na Cruthaitheachta agus an Chultúir

**Colún 4**
Tionscail Chruthaitheachta: Éire mar Lárionad Barr Feabhais maidir le Léiriúchán na Meán Cumarsáide

**Colún 5**
Clú na hÉireann ar fud an Domhain a thabhairt le chéile

Tá rannpháirtíocht agus rochtain lárnach don fhís seo. Meastar freisin go bhfuil bunriachtanas, maidir le fíorú na físe, le healaíontóirí agus cruthaitheoirí eile a chur i gceangal le pobail.

Mar fhreagairt maidir le fís Éire Ildánach, déanfaidh Comhairle Chontae na Gaillimhe, i rith na mblianta seo romhainn, béim a leagan ar chaomhnú agus ar thacaíocht i réimsí uathúla ár gcultúir, ár dtimpeallachta, ár n-oidhreachta agus ár dteanga. Táimid tiomanta i leith folláine an Chontae, na bpobal agus na ndaoine a fhorbairt. Is é is mian linn an méid is mó uilechuimsitheachta sóisialta agus is féidir a bheith ann agus tacaíocht a chur ar fáil i leith saoránacht ghníomhach. Beidh an plean seo ina chreat straitéiseach i gcomhair bhearta na Comhairle i rith ré feidhme an chláir agus leagtar amach ann 8 dtosaíocht straitéiseacha lena ngabhann cuspóirí soiléire i ndáil le luachanna agus fís na Comhairle a bhaint amach agus, an an am céanna, aird á tabhairt i gcónaí ar an ráiteas misin de réir mar a leagtar amach inár bPlean Corparáideach;

> *"Ceannaireacht shibhialta agus ionadaíocht dhaonlathach a sholáthar, agus a bheith chun tosaigh ag an am céanna i bhforbairt pobail, cultúir, sóisialta agus eacnamaíoch inbhuanaithe agus seirbhísí atá comhordaithe, éifeachtach ar a bhfuil luach ard a sheachadadh, atá dírithe ar lán-acmhainneacht Contae na Gaillimhe a bhaint amach."*

Trí na tosaíochtaí straitéiseacha agus na cuspóirí atá againn, cuirfear ár g clár uaillmhianach i gcrích bliain i ndiaidh bliana agus déanfar na luachanna a ghabhann le hÉire Ildánach, chomh maith le cultúr agus folláine mhuintir Chontae na Gaillimhe, a choimeád i gcroílár ár saothair. Le linn an plean seo a bheith á chur i bhfeidhm, tá sé de rún againn na bealaí cumarsáide ar fad a choinneáil oscailte leis na geallsealbhóirí agus leis an bpobal.

THE VISION OF Creative Ireland is that every person living in Ireland will have the opportunity to fully realise his or her creative potential. The vision is pursued through the Five Pillars of the Creative Ireland Programme.

**Pillar 1**
Enabling the Creative Potential of Every Child

**Pillar 2**
Enabling Creativity in Every Community

**Pillar 3**
Investing in our Creative and Cultural Infrastructure

**Pillar 4**
The Creative Industries: Ireland as a Centre of Excellence in Media Production

**Pillar 5**
Unifying our Global Reputation

Participation and access are central to the vision. Connecting artists and other creators to communities is also regarded as essential to realising the vision.

In response to the Creative Ireland vision, the focus of Galway County Council in the coming years is to preserve and support our unique culture, environment, heritage and language. We are committed to developing the wellbeing of the County, its communities and people. It is our wish to maximise social inclusion and support active citizenship. This plan serves as a strategic framework for the future actions of the Council during this period and identifies 8 strategic priorities with clear objectives to achieve the Council's values and vision, while always cognisant of our mission statement as set out in our Corporate Plan;

> *"To provide civic leadership and effective democratic representation, while leading on sustainable economic, social, cultural and community development and delivering coordinated effective and good value services, aimed at realising the full potential of the County of Galway."*

Through our strategic priorities and objectives, we will realise our ambitious programme year on year, keeping the values of Creative Ireland together with the culture and wellbeing of the people of County Galway at the heart of our endeavours. While implementing this plan, we are committed to keeping channels of communication open to both stakeholders and the public.



*Cruinniú na nÓg*

# 5 Luachanna Éire Ildánach i gContae na Gaillimhe
## The Creative Ireland Values in County Galway

### Comhoibriú

Is coincheap é seo a bhfuil eolas an-mhaith ag Comhairle Chontae na Gaillimhe air. I measc na ndreamanna cruthaitheacha a mbímid ag plé leo, áirítear na húdaráis áitiúla eile sna contaetha thart orainn, an Chomhairle Ealaíon, Ealaín na Gaeltachta, Gaillimh 2020, Éire Ildánach, an Chomhairle Oidhreachta, grúpaí pobail, ealaíontóirí, soláthróirí oideachais, grúpaí sainspéise áitiúla, an lucht gnó agus gníomhaireachtaí forbartha pobail. Bíonn raon leathan clár cultúir, cruthaitheachta agus folláine á gcur i gcrích againn ar bhonn leanúnach; oibrítear leis na pobail éagsúla d'fhonn feabhas a chur ar chaighdeán an tsaoil acu agus déantar sin ar leibhéil éagsúla ar fud an údaráis áitiúil, trí na seirbhísí Leabharlainne, Ealaíon, Oidhreachta, Cartlainne, Gaeilge, Uilechuimsitheachta Sóisialta agus Caomhantais agus, chomh maith leis sin, tríd an gComhpháirtíocht Spóirt, trí Sheirbhísí Corparáideacha agus tríd an Aonad Pobail, Fiontraíochta agus Forbartha Eacnamaíochta.

### Collaboration

A concept that Galway County Council is very familiar with. Our creative collaborators include our neighbouring local authorities, The Arts Council, Ealaín Na Gaeltachta, Galway 2020, Creative Ireland, The Heritage Council, community groups, artists, education providers, our elected members, local interest groups, the business community and local development agencies. We continually deliver on a wide range of cultural, creative and wellbeing programmes; engaging with our communities to improve their quality of life takes place on an extensive level across the local authority through our Library, Arts, Heritage, Archives, Irish Language, Social Inclusion, Conservation service alongside the Sports Partnership, Corporate Services and the Community, Enterprise and Economic Development Unit.



### Cumarsáid

Aithnímid an tábhacht atá leis an gcumarsáid mar ghné riachtanach dhéthaobhach lárnach i dtaca le cur i gcrích rathúil ár Straitéise maidir le hÉire Ildánach. Chuidigh bunú na meithle cultúir taobh istigh den údarás áitiúil go mór le cúrsaí cumarsáide i ndáil leis na tionscnaimh phobail ar fad dár gcuid. Tríd am nasc díreach atá againn leis an Líonra PPN, táimid in ann cumarsáid a dhéanamh le líon is mó ná 700 grúpa gníomhach a dhéanann ionadaíocht thar ceann na hearnála pobail i gcoitinne sa Chontae. Roinn na Seirbhísí Corparáideacha atá i gceannas ar na hardáin chumarsáide foirmeálta uilig agus ar na hardáin mheán sóisialta; ach déantar cumarsáid dhíreach chomh maith leis na grúpaí sainspéise go léir agus le healaíontóirí; agus déantar cumarsáid neamhfhoirmeálta trí na líonraí leathana a mbímid páirteach iontu agus trí na naisc atá curtha ar bun ag an Meitheal Cultúir.

### Communication

We recognise the importance of communication as a two-way, central and vital element in the successful delivery of our Creative Ireland Strategy and programmes. The creation of a cultural team within the local authority has greatly assisted communication across all our community initiatives. Through our direct link with the Public Participation Network (PPN) we communicate with over 700 active groups who represent the broader community sector in the County. Our Corporate Services Department drives all formal communication and social media platforms; however, we also communicate directly with all our interest groups, artists; communicating informally through our wide networks and connections across the whole of the Culture Team.

### Pobal

Tá an pobal i gcroílár ár straitéise maidir le hÉire Ildánach agus tá sé lárnach don straitéis sin. Tacaímid ar bhonn leanúnach le pobail áitiúla trí thionscnaimh nua a chothú agus trí thacaíocht a thabhairt ina leith tríd an iliomad clár agus pleananna oibre a reáchtálann an Mheitheal Cultúir. Bíonn an chruthaitheacht níos tréine i bpobail bhríomhara agus, trí acmhainní a chur ar fáil ar mhaithe le forbairt pobail, tá an Chomhairle ag neartú pobal chun leas a bhaint as an gcruthaitheacht.

### Community

Community is at the heart of and central to our Creative Ireland Strategy. We support local communities on an ongoing basis by fostering new initiatives and supporting them through the many programmes and work plans within the Culture Team. Creativity is most prevalent in vibrant communities, by resourcing community development, the Council is strengthening communities to harness their creativity.

### Rannpháirtíocht

Tacaíonn Comhairle Chontae na Gaillimhe le 'cur chuige rannpháirtíochta ón íochtar aníos' mar ghné bhuntábhachtach den fhorbairt áitiúil agus den fhorbairt phobail – rannpháirtíocht bhríomhar an phobail tríd an bPlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail a chur i bhfeidhm, ina leagtar amach tionscnaimh áitiúla agus fís do na pobail lena mbaineann.

### Uilechuimsitheacht

Leagaimid béim faoi leith ar an uilechuimsitheacht shóisialta agus is léir sin sna straitéisí a leagtar amach sa phlean seo. Tá Comhairle Chontae na Gaillimhe tiomanta i leith deimhin a dhéanamh de go mbíonn an deis chéanna ag gach duine sa phobal caighdeán maith saoil a bheith aige nó aici. Féachtar le caitheamh mar a chéile leis an uile dhuine, le bacanna roimh dheiseanna cruthaitheachta sa Chontae a chur ar neamhní, leis an rannpháirtíocht is forleithne i ngníomhaíochtaí cruthaitheachta a chinntiú agus leis na hacmhainní a dhíriú ar an áit is mó a bhfuil gá leo.

### Cumhachtú

Baineann clár Éire Ildánach le caidreamh a chur ar bun lenár gcuid pobal agus is mian linn go mbeidh an clár ar fáil ag an uile dhuine le go bhféadfaidh siad nithe nua a fhoghlaim uaidh, taitneamh a bhaint as agus tuiscint a fháil air. Méadaíonn an rannpháirtíocht comhtháthú sa tsochaí agus cuireann sé feabhas ar shláinte mheabhrach agus ar shláinte choirp. Tagann an straitéis seo faoi anáil gach a ndéantar ar an leibhéal áitiúil agus cuirtear san áireamh í i ngach ní a dhéanaimid ar an leibhéal áitiúil.

### Participation

Galway County Council supports a participative 'bottom up approach' as a key feature of our local and community development – meaningful community participation through the implementation of the Local Economic and Community Plan, shaping local initiatives and a vision for those communities.

### Inclusivity

We have a clear focus on social inclusion and this is reflected in the strategies outlined in this plan. Galway County Council are committed to making sure that everyone in our society has an equal chance at a good quality of life. We aspire to treat people equally, to remove barriers to creative opportunities within the County, ensure the broadest participation in creative activity and target resources where they are most needed.

### Empowerment

The Creative Ireland programme is about reaching out to our communities, we want it to be open to all to discover, enjoy and appreciate. Participation increases societal cohesion and adds to overall mental and physical wellbeing. This strategy is informed by and feeds into everything else we do at a local level.



Region of Gastronomy 2018,
Gaillimh, Iarthar na hÉireann

*Region of Gastronomy 2018, Galway, West of Ireland*

# 6 Na Tosaíochtaí Straitéiseacha do Chontae na Gaillimhe

## Strategic Priorities for County Galway

CUIREADH AN STRAITÉIS cúig bliana seo le chéile d'fhonn comhleanúnachas a thabhairt i bhfeidhm maidir leis na straitéisí éagsúla atá bunaithe ar réimsí cultúir (Oidhreacht, Leabharlanna, Ealaín agus Plean Áitiúla Eacnamaíochta agus Forbartha Pobail, agus Plean Forbartha, Chontae na Gaillimhe) agus d'fhonn ailíniú a dhéanamh leis an obair a bheidh ar siúl ag daoine éagsúla den Mheitheal Cultúir i rith na mblianta atá romhainn. Tosaíodh ar an obair chomhairliúcháin i mí Aibreáin 2017 trí chur i láthair poiblí a rinne Meitheal Náisiúnta Éire Ildánach ar lena linn a leagadh amach fís agus cuspóirí an tionscnaimh nua seo de chuid an rialtais. Eagraíodh seisiún aiseolais ina dhiaidh sin le 35 pháirtí leasmhara de chuid an phobail agus fuarthas aiseolas neamhfhoirmeálta agus smaointe uathu sin faoi chur i bhfeidhm an phlean ar an leibhéal áitiúil.

I mí an Mheithimh 2017, sheol an Chomhairle an chéad Phlean Bliantúil inar luadh cláir phíolótacha éagsúla a bhí bainteach le tosaíochtaí náisiúnta Éire Ildánach: Colún 2 – Bonn a chur faoin gCruthaitheacht i ngach Pobal. De réir Éire Ildánach, is sna hÚdaráis Áitiúla is fearr atá an acmhainn chun cláir áitiúla a chur i gcrích agus iarradh orthu dul i gceannas ar Cholún 2. Rinne an Mheitheal Cultúir inmheánach maoirseacht dhíreach ar Chlár 2017 s'againne. Ag deireadh na bliana 2017, thosaigh Meitheal Cultúir Chomhairle Chontae na Gaillimhe ar an bplean straitéise cúig bliana seo a dhréachtú agus chloígh siad leis an teimpléad náisiúnta a bhí curtha ar fáil ag Éire Ildánach do na hÚdaráis Áitiúla ar fad. Rinneadh na príomhthosaíochtaí a shonrú agus, chuige sin, baineadh úsáid as roinnt straitéisí reatha de chuid na Comhairle agus eagraíodh comhairliúchán poiblí arís ar an Luan, an 5 Márta 2018, d'fhonn an dréacht den straitéis a chur i láthair agus aiseolas a iarraidh. Cuireadh an t-aiseolas sin san áireamh sa straitéis.

THIS FIVE-YEAR STRATEGY has been created to bring coherence to the individual culture-based strategies (Heritage, Libraries, Arts and Galway County Local Economic and Community Development Plans) and to align with the work of different members of the Culture Team over the coming years. We commenced consultation in April 2017 with a public presentation by the Creative Ireland National Team, outlining the vision and objectives of this new government initiative. This was followed by a facilitated feedback session with over 35 interested parties from the community offering informal feedback and ideas for the delivery of the plan at local level.

In June 2017, we launched our first Annual Plan featuring several pilot programmes which linked in with national Creative Ireland priorities, Pillar 2: Enabling Creativity in Every Community. Local Authorities were seen by Creative Ireland to have primary capacity for local programme delivery and were asked to lead on Pillar 2. Our 2017 Programme was directly overseen by the internal Culture Team. In late 2017 the Galway County Council Culture Team began drafting this five-year strategic plan, adhering to the national template provided by Creative Ireland to all Local Authorities. Key priorities were identified, informed by several existing local Council strategies, and a further public consultation took place on Monday 5th March 2018 to present the draft strategy and request feedback. This feedback has been incorporated into our strategy.



### Áiteanna agus spásanna

**Ár gcuid bailte móra, sráidbhailte, bailte fearainn agus oileán a athbheochan agus a athghiniúint agus feabhas a chur nascacht na bpobal leis an timpeallacht fhoirgnithe agus le spásanna poiblí.**

Chun beocht nua a chur sna bailte / sráidbhailte agus sna ceantair thuaithe, ní mór infheistíocht chruthaitheach a dhéanamh in athshamhlú na húsáida a bhaintear as an timpeallacht. Tuigtear go bhfuil easnaimh infreastruchtúir ann sa Chontae maidir leis an infreastruchtúr cultúir. Bhí an deis chun teacht ar spás oiriúnach chun bheith ag obair ann, ag cleachtadh ann agus ag saothrú réimsí ealaíon ann i measc na dtéamaí tábhachtacha a tháinig chun cinn go mór le linn an phróisis comhairliúcháin agus, dá réir sin, tá ga le tacaíocht bhreise chun pobail agus daoine cruthaitheacha araon a chothú le go mbeidh siad in ann a mbuanna a chur ar taispeáint.

**Cuspóirí:**

- Athbhreithniú a dhéanamh maidir leis an infreastruchtúr reatha, maidir leis an tírdhreach agus maidir leis na taitneamhachtaí agus, chomh maith leis sin, caidreamh dáiríre a chothú le pobail d'fhonn úsáid chruthaitheach ár spásanna poiblí a spreagadh.
- Cláir a fhorbairt agus a shaibhriú inár gcuid seirbhísí leabharlainne, caomhantais, ealaíon, oidhreachta, uilechuimsitheachta sóisialta agus fiontraíochta; feabhas a chur ar ghníomhaíochtaí a chruthaíonn tuiscint agus meas ar ár dtimpeallacht fhoirgnithe agus ar an n-oidhreacht shaibhir.

### Places and spaces

**To revitalise and regenerate our towns, villages, townlands and islands, and to improve the connectivity of communities to the built environment and public spaces.**

Creative investment in re-imagining the use of our surroundings is required to breathe new life into towns / villages and our countryside. We recognise that the County has infrastructural deficits in the areas of cultural infrastructure. The ability to access appropriate space to work, practice and cultivate artistic endeavours was a key thematic outcome of our consultation process, therefore further support is required to foster both communities and creatives to display their talents.

**Objectives:**

- Review our existing infrastructure, our landscape and our amenities in conjunction with reaching out and engaging our communities in a meaningful way to encourage the creative use of our public spaces.
- Develop and enrich programmes within our libraries, conservation, arts, heritage, social inclusion and enterprise services; enhancing activities that create awareness and appreciation of our built environment and rich heritage.

## Na tionscail chruthaitheachta

**Tacú le forbairt ár n-earnála eacnamaíochta, sóisialta agus cultúir tríd an gcruthaitheacht a chur i gcroílár na tacaíochta a sholáthraímid don réimse fiontraíochta.**

Glactar leis gur sócmhainn atá sa chruthaitheacht agus gur ceart tacú leis an gcumas cruthaitheachta ionas gur féidir é a fhorbairt agus é a chumhachtú chun rannchuidiú le fás an gheilleagair. Ós rud é go bhfuil béim á leagan anois, ar bhonn idirnáisiúnta, ar STEM, táimidne ag dul i dtuilleamaí na nuálaíochta mar bhealach chun todhchaí rathúil a chinntiú. Tá an nuáil nasctha go daingean leis an Eolaíocht, leis an Teicneolaíocht, leis an Innealtóireacht agus le Matamaitic – is é sin le rá, ábhair STEM – ach is í an Ealaín agus an Dearthóireacht atá ar tí athrú a chur ar chúrsaí eacnamaíochta faoi mar a rinne an eolaíocht agus an teicneolaíocht i rith an chéid seo caite. Féachfar le hEalaín agus Dearthóireacht a chur sa chothromóid agus STEM a thiontú go STEAM.

> *"What has become abundantly clear is the need to harness the imagination and curiosity of young people if we're to create a workforce that can exist harmoniously with the ever more automated industries of the future."*
> **An Tiarna Puttnam, CBE**
> (Iar-Churadh Digiteach na hÉireann)

Cuireann an méadú ar an spéis a chuirtear in Ealaín na Cócaireachta leis an gcultúr bríomhar gastranamaíochta i nGaillimh agus is léiriú é ar an oidhreacht bhreá ghastranamaíochta atá ann sa Chontae. Is iomaí ábhar ceiliúrtha atá i gceist leis an earnáil seo ina gcuimsítear feirmeoirí, táirgeoirí bia, cócairí agus ambasadóirí bia agus is fiú go mór tacú leo.

## Creative industries

**To support the development of our economic, social, and cultural sector by placing creativity at the heart of our entrepreneurial support.**

We acknowledge that creativity is an asset and creative talent should be supported so it can be developed and empowered to contribute to the growth of our economy. With focus shifting internationally to STEM, we are now turning to innovation as the way to ensure a prosperous future. Innovation remains coupled with Science, Technology, Engineering and Math – the STEM subjects, however Art and Design are poised to transform our economy just as science and technology did in the last century. We will look to add Art and Design to the equation and transform STEM to STEAM.

> *"What has become abundantly clear is the need to harness the imagination and curiosity of young people if we're to create a workforce that can exist harmoniously with the ever more automated industries of the future."*
> **Lord Puttnam, CBE**
> (Former Irish Digital Champion)

A rapidly growing interest in the Culinary Arts feeds directly into our vibrant gastronomical culture and reflects the rich gastronomical heritage that the people of the County possess. From our farmers, food producers, chefs and food ambassadors there is much to celebrate and support within this sector.





**Cuspóirí:**

- Timpeallacht bheo bhríomhar fiontraíochta a chothú trí dheiseanna le haghaidh comhoibriú a fhorbairt, sa raon gníomhaíochtaí ó cheardaíocht go códú, ar fud na dtionscal cruthaitheachta ar fad agus trí chomhpháirtíochtaí a spreagadh idir an earnáil phríobháideach agus an earnáil phoiblí.
- Tionscal cócaireachta tréan inmharthana a chruthú i gContae na Gaillimhe trí leas a bhaint as an ainmniúchán mar Réigiún Gastranamaíochta agus spéis a chothú in Ealaín na Cócaireachta.

**Objectives:**

- Foster a dynamic and vibrant entrepreneurial environment by developing opportunities for collaboration from craft to code across all our creative industries and encourage partnerships between the private and public sector.
- Forge a strong and sustainable culinary industry in County Galway through the platform of our Region of Gastronomy designation and promote interest in the Culinary Arts.



*Cruinniú na nÓg 2018*

## An pobal agus folláine an uile dhuine

**Díriú ar thionscadail trína gcuirtear saoránacht ghníomhach agus rannpháirtíocht phobail chun cinn d'fhonn pobail bhisiúla a chothú.**

Dírítear go soiléir sa straitéis ar chaidreamh a chothú leis an uile dhuine a chónaíonn i gContae na Gaillimhe, lena n-áirítear daoine atá imeallaithe taobh istigh dá bpobal féin. Tá daonra níos mó ná 179,000 i gContae na Gaillimhe tar éis méadú rialta le deich mbliana anuas agus tá níos mó ná 77% de na daoine ina gcónaí i gceantair thuaithe atá ag éirí níos ilchultúrtha de réir a chéile. Tá na rátaí maidir le daoine níos sine agus daoine níos óige i gContae na Gaillimhe níos airde ná mar atá i gcontaetha eile i réigiún an iarthair. Le linn breithniú a dhéanamh ar ár gcuid tosaíochtaí straitéiseacha, baineadh leas as an mbeartas náisiúnta atá leagtha amach sa Tús Áite do na Daoine ina sonraítear gurb é is bunchuspóir leis an rialtas áitiúil leathnú agus treisiú a dhéanamh ar an ról maidir le folláine agus caighdeán saoil na saoránach agus na bpobal a chur chun cinn. Tá léiriú le fáil air sin freisin inár bpolasaí áitiúil faoi mar atá leagtha amach sa Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail (LECP) ina luaitear gurb í an fhís fhoriomlán atá ann maidir le Contae na Gaillimhe ná go mbeadh Contae uilechuimsitheach againn ina mbeadh tuiscint shoiléir againn ar fhéiniúlacht na ndaoine agus sinn ag obair le chéile d'fhonn lánacmhainn Chontae na Gaillimhe agus mhuintir na Gaillimhe, ó thaobh cúrsaí eacnamaíochta, sóisialta, teanga agus cultúir, a bhaint amach trí rannpháirtíocht an tsaoránaigh ar an leibhéal áitiúil.

## Communities and collective wellbeing

**To focus on projects that promote active citizenship and community engagement to foster flourishing communities.**

Our strategy clearly focuses on accessing everyone living in County Galway, including those marginalised within their communities. Galway County is home to a population of over 179,000 which has grown steadily over the past decade and over 77% of people live in rural areas which are becoming increasingly multicultural. We have a higher rate of older and younger persons in comparison to other counties in the west region. In considering our strategic priorities, we have drawn on national policy as outlined in Putting People First which defines the overarching purpose of local government as the need to expand and strengthen our role "to promote the well-being and quality of life of citizens and communities". This is also reflected in our local policy as set out in the Local Economic and Community Plan (LECP) where our over-riding vision for County Galway is stated as "an inclusive County with a clear sense of identity where we work together towards achieving the economic, social, linguistic and cultural potential of County Galway and of its people through citizen engagement at a local level".





**Cuspóirí:**

- Leas a bhaint as na líonraí caidrimh agus as na gníomhaíochtaí comhoibríocha atá ar bun cheana féin i measc an phobail d'fhonn an acmhainneacht a mhéadú trí oiliúint agus trí mheantóireacht.
- Béim mhór a leagan ar eispéireas, ar fhéilte agus ar imeachtaí a chruthú, ar gníomhaíochtaí iad de chuieál a oireann do gach duine agus a chuidíonn leis an tuiscint ar fhéiniúlacht chultúir a chur chun tosaigh agus le ceiliúradh a dhéanamh ar an gcruthaitheacht.
- Na gnéithe uile de na healaíona, den cheardaíocht agus de thionscail na cruthaitheachta a chur san áireamh taobh le tionscnaimh lena gcuirtear sláinte choirp agus mheabhrach chun tosaigh tríd an spórt, trí aclaíocht agus trí bhia.

**Objectives:**

- Build on the existing networks and collaborations within our communities to increase their capacity through training and mentoring.
- Place a strong emphasis on the creation of collective experiences, festivals, and events that help to promote a sense of cultural identity and celebrate creativity.
- Incorporate all elements of the arts, crafts and creative industries alongside initiatives that promote physical and mental wellbeing through the medium of sports, physical activity and food.



*Inishbofin 2017*

## Daoine cruthaitheacha sa phobal

**Saothrú na n-ealaíon a bheith ina rogha réadúil mar shlí bheatha d'ealaíontóirí atá ag teacht chun cinn agus d'ealaíontóirí seanbhunaithe atá ina gcónaí agus ag obair sa Chontae.**

Tá pobal beo bríomhar ealaíon i gContae na Gaillimhe a bhfuil cuid mhór bainte amach acu ainneoin an infheistíocht a bheith srianta. Tugtar aitheantas sa Straitéis seo don tairbhe shuntasach a dhéanann ealaíontóirí gairmiúla don phobal. Tá sé tábhachtach freisin aitheantas a thabhairt i leith raon leathan na gcineálacha ealaíon a chleachtar, i nGaeilge agus i mBéarla, sa Chontae, amhail cineálacha traidisiúnta, mar shampla, ceol, amharclannaíocht, damhsa, litríocht, ailtireacht, amharcealaíona, scannánaíocht, oidhreacht agus ceardaíocht, chomh maith le tionscail chruthaitheachta atá ag teacht chun cinn agus ealaíona digiteacha.

**Cuspóirí:**

- Cláir agus tionscnaimh fhollasacha a chur ar fáil trína ndéantar tacaíocht agus meantóireacht a chur ar fáil do na healaíontóirí uile atá ann sa pobal.
- Deiseanna a chur ar fáil d'ealaíontóirí agus do chleachtóirí pobail chun líonrúchán agus comhoibriú a dhéanamh d'fhonn tacú le forbairt chruthaitheacht a gcuid pobal
- Díriú ar chineálacha áirithe ealaíne a fhorbairt agus ar thacú leo mar chuid dár gCláir Bhliantúla.

## Creatives in our community

**To make artistic endeavor a viable career option for emerging and established artists living and working in the County.**

County Galway has a strong and dynamic artistic community who have achieved much despite limited investment. This Strategy recognizes the significant value professional artists bring to our communities. It is also important to acknowledge the wide range of art-form practices in the County which range from the traditional such as music, theatre, dance, literature, architecture, visual arts, film, heritage and crafts to new emerging creative industries and digital arts through the medium of English and Irish.

**Objectives:**

- Provide tangible programmes and initiatives offering support and mentorship for all artists within our community.
- Develop opportunities for artists and community practitioners to network and collaborate, supporting the creative development of their community
- Focus on supporting and developing specific art-forms as part of our Annual Programmes.



## An Ghaeilge – anam agus dúchas

**Aitheantas a thabhairt do thábhacht na Gaeilge ó thaobh cúrsaí eacnamaíochta, sóisialta agus cultúir de sa Ghaeltacht agus ar fud an Chontae.**

Is i gContae na Gaillimhe atá an daonra Gaeltachta is mó sa tír agus admhaítear an tábhacht eacnamaíochta, shóisialta agus chultúrtha atá ag an nGaeilge sa Ghaeltacht agus ar fud an Chontae ina iomláine. Tugann 49% de dhaonra an Chontae (gan Cathair na Gaillimhe a áireamh) le fios go bhfuil ar a gcumas Gaeilge a labhairt, rud a fhágann gur i gContae na Gaillimhe atá an céatadán is airde Gaeilgeoirí ar fud chontaetha riaracháin na tíre ar fad ó thaobh daoine atá 3 bliana d'aois nó os a chionn (Foinse: An Phríomhoifig Staidrimh: Daonáireamh 2016). I gContae na Gaillimhe atá TG4, an stáisiún náisiúnta teilifíse Gaeilge, agus RTÉ Raidió na Gaeltachta, an stáisiún náisiúnta raidió Gaeilge, lonnaithe gan trácht ar chuid mhór eagraíochtaí Gaeilge eile. Tá ról gníomhach ag Comhairle Chontae na Gaillimhe maidir leis an nGaeilge a fhorbairt, a chosaint agus a chur chun cinn in éineacht le heagraíochtaí áitiúla agus náisiúnta eile amhail Foras na Gaeilge agus Údarás na Gaeltachta, agus tuilleadh nach iad.

**Cuspóirí:**

- Féachaint leis an gcóimheas reatha idir cainteoirí Gaeilge agus neamhchainteoirí Gaeilge sa Chontae a choinneáil agus an cóimheas ard cainteoirí Gaeilge sa Ghaeltacht a spreagadh trí leanúint den tacaíocht dár dteanga dhúchais agus de chur chun cinn na teanga dúchais.
- Deontais a chur ar fáil don phobal le haghaidh tionscnaimh atá dírithe ar úsáid na Gaeilge a chur chun cinn agus gradaim a chur ar fáil dóibh siúd a bhfuil aitheantas tuillte acu as ucht forbairt na teanga a chur chun cinn.
- Imeachtaí poiblí a eagrú gach bliain chun

## An Ghaeilge – anam agus dúchas

**To recognize the economic, social and cultural importance of Irish in the Gaeltacht and throughout the County.**

As the County with the largest Gaeltacht population in the country, we recognise the economic, social and cultural importance of Irish within the Gaeltacht and throughout the County as a whole. With 49% of the population of the County (excluding Galway City) indicating that they can speak Irish, County Galway has the highest percentage of Irish speakers of all administrative counties for the population of Ireland aged 3 and over, (Source: CSO Census 2016). County Galway is host to TG4 – Irish language television station and to RTÉ Raidió na Gaeltachta – National Irish language radio station, among many other Irish language organisations. Galway County Council has an active role in relation to the development, protection and promotion of the Irish language alongside other local and national organisations such as Foras na Gaeilge and Údaras na Gaeltachta to name just two.

**Objectives:**

- Aspire to maintain the current ratio of Irish speakers to non-Irish speakers in the County and encourage the high ratio of Irish speakers in the Gaeltacht through the continued support and promotion of our native language.
- Provide grants to the community for initiatives aimed at promoting the use of the Irish language and provide awards to those who deserve recognition for their promotion or development of the language.
- Organise public events on an annual basis to celebrate our native language and the role it plays in all aspects of our cultural identity,

ceiliúradh a dhéanamh ar theanga dúchais na tíre agus ar an ról atá ag an teanga maidir le gach gné dár bhféiniúlacht chultúir, e.g. Scoil Samhraidh an Phiarsaigh, chomh maith le himeachtaí amhail ceol traidisiúnta, damhsa (ar an sean-nós) agus léachtaí i rith Sheachtain na Gaeilge i mí an Mhárta.

### Cruthaitheacht ar feadh an tsaoil

**Tacú le cláir a chur i gcrích a chuireann le saol cultúrtha ár gcuid saoránach ar feadh a saoil.**

Is cuid lárnach d'fhís Éire Ildánach é an chruthaitheacht a chur i gcroílár ár saoil. Tá sé de chuspóir foriomlán againn rannpháirtíocht sa saol sóisialta, eacnamaíochta, cultúir agus poiblí ag an uile dhuine sa phobal a chur chun cinn. Tá sé beartaithe againn freisin tacú le tionscnaimh náisiúnta de chuid Éire Ildánach faoi Cholún 1: Scód a ligean le Cumas na Cruthaitheachta i ngach Leanbh. Is sa bhaile nó i suíomh scoile nó ,oideachais a thagann an duine óg i dteagmháil le saol na cruthaitheachta den chéad uair. Tuigeann Comhairle Chontae na Gaillimhe an tábhacht a bhaineann le gníomhaíochtaí cruthaitheachta a sholáthar do leanaí, agus le tacú le gníomhaíochtaí do leanaí, agus níl sa chúnamh a chuirtear ar fáil trí chlár Music Generation, trí Mhí agus Féile na Leabhar do Leanaí agus trí na Scéimeanna maidir le hEalaíontóirí agus Scríbhneoirí sna Scoileanna ach sampla den obair atá á déanamh sa réimse sin. Cé gurb ábhar tábhachtach tosaíochta straitéisí é na daoine óga, ní mór dúinn freisin aitheantas a thabhairt don phobal daoine atá ag dul in aois sa Chontae. Tá athruithe móra tagtha, i rith an fichiú haois, ar an meánionchas saoil, is é sin, méadú go dí 81.5 bliain agus meastar go dtiocfaidh méadú eile 10 mbliana air sin faoin mbliain 2050 (Foinse CSO). Tá daoine 'an-sean' (aois 80+) ar an aoisghrúpa is mó fás anois. Maidir le daoine scothaosta, ní hionann a n-eispéireas agus eispéireas a sinsear agus tá saol níos faide acu, sláinte níos fearr agus slí mhaireachtála níos gníomhaí. Mar aitheantas do na daoine sa daonra atá dul in aois, tá beart déanta ag Comhairle Chontae na Gaillimhe, i gcomhar le Comhairle Cathrach na Gaillimhe, d'fhonn straitéis Aoisbháúil a fhorbairt agus déanfar gníomhaíochtaí a chuidíonn le cothú cruthaitheachta ó bhlianta na luathóige go scothaois a chur chun cinn.

**Cuspóirí:**

- Cláir a chruthú atá dírithe go sonrach ar leanaí a spreagadh i leith a gcuid cruthaitheachta a shaothrú.
- Tacaíocht a thabhairt do thionscnaimh chruthaitheachta, agus cur chun cinn a dhéanamh i leith tionscnaimh chruthaitheachta, a chuirfidh ar chumas an duine saol níos folláine agus níos gníomhaí a chaitheamh ar feadh ré saoil níos faide agus feabhas a chur ar chaighdeán an tsaoil acu.
- An coincheap maidir le gníomhaíochtaí idirghlúine, agus cleachtadh gníomhaíochtaí den sórt sin, a chur chun cinn ar fud an phobail agus meas trasghlúine a chothú.





e.g. Scoil Samhraidh an Phiarsaigh (Patrick Pearse Summer School), as well as events such as traditional music, dance (sean-nós) and lectures during 'Seachtain na Gaeilge' (Irish week) in March.

### A lifetime of creativity

**To support the delivery of programmes that enhance the cultural life of our citizens throughout their lifetime.**

Putting creativity at the heart of our lives is at the core of the Creative Ireland vision. Our overall aim is to promote participation in social, economic, cultural and public life for all members of the community. We will also plan to support national initiatives led by Creative Ireland under Pillar 1: Enabling the Creative Potential of every Child. Our first experience and encounter with the world of creativity often begins at an early age in the home or within a school or educational framework. Galway County Council acknowledges the importance of providing and supporting creative activities for children, and our Music Generation programme, Children's Book Month and Festival and our Artists and Writers in Schools Schemes are only a sample of the work already being carried out in this area. Whilst our young population are a key strategic priority we also must acknowledge the large ageing population also residing in the County. The twentieth century has brought great changes to longevity with the average life expectancy increasing to 81.5 years, and it is expected to extend by a further 10 years by 2050, (Source cso). The very old (age 80+) are now the fastest growing population group. People are experiencing older age differently from their grandparents' generation, enjoying longer lives, better health and more active lifestyles. In acknowledgement of our ageing population we have taken the lead alongside Galway City Council to develop an Age Friendly strategy, and will advocate for and promote all activities that help to sustain creativity from the early years and on into older years.

**Objectives:**

- Create programmes designed specifically to encourage children to engage with their creativity.
- Support and promote creative initiatives which will enable people to live healthier, active lives for longer, and improve their quality of life.
- Promote the concept and practice of inter-generational activities throughout our community and to foster respect across the generations.

### Comhionannas rochtana

**Tacú le rochtain chomhionann ar ár gcuid seirbhísí, clár agus tionscnamh cultúir agus cruthaitheachta.**

Tá níos mó ná imeachtaí saor in aisce i gceist rochtain; baineann sé le cruthaitheacht a thabhairt isteach i gcroílár an phobail ionas gur dlúthchuid de shaol na bpobal atá ann. Cuspóir tábhachtach de chuid na straitéise seo is ea rochtain ar ghníomhaíochtaí cruthaitheacha agus ar rannpháirtíocht sna gníomhaíochtaí sin. Aithnímid obair oibrithe deonacha agus obair na bpobal in ionaid agus i bhféilte ar fud an Chontae. Tá na dreamanna sin thar a bheith tábhachtach i dtaca le sochaí chruthaitheach a fhorbairt agus is buntaca iad maidir lenár gcumas chun an straitéis seo a chur i gcrích. Is í an ghníomhaíocht phobal-bhunaithe sin atá ina buntaca do chuid mhór imeachtaí cultúir ar fud an Chontae. Maidir le héagsúlacht mhéadaitheach chultúir an Chontae, agus mar aitheantas don éagsúlacht sin, ní mór dúinn a chinntiú gur féidir le gach saoránach, beag beann ar aois, ar chumas, ar inscne nó ar eitneacht, tannchuidiú le saol cultúir an Chontae agus páirt a ghlacadh ann.

**Cuspóirí:**

- Clár imeachtaí a chur ar fáil inár gcuid spásanna cathartha, ar clár é a spreagfaidh níos mó daoine chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí agus in imeachtaí cultúir.
- Tacú le deiseanna oiliúna agus forbartha d'oibrithe deonacha agus do ghrúpaí pobail a rannchuidíonn le folláine chruthaitheach ár gContae.

### Equality of access

**To support equal access to all our cultural and creative services, programmes and initiatives.**

Accessibility means more than free events; it's about bringing creativity to the heart of communities so that it becomes an integral part of their lives. Access to and engagement in creative activity is an important objective of this strategy. We acknowledge the work of volunteers and communities, especially in venues and festivals across the County. They are vital to the development and growth of a creative society and underpin our ability to deliver on this strategy. This community-engaged activity underpins so many cultural offerings across the County. With respect to and in recognition of our growing cultural diversity we must ensure that every citizen regardless of age, ability, gender or ethnicity can contribute to and engage in the cultural life of the County.

**Objectives:**

- Programme activities throughout our civic spaces that will encourage more people to engage in cultural activity and events.
- Support opportunities for the training and development of volunteers and community groups contributing to the creative wellbeing of our County.

### Dea-chlú ar fud an domhain

**Cur leis an dea-chlú idirnáisiúnta atá ar Chontae na Gaillimhe.**

Mar gheall ar scéimh agus ar sceirdiúlacht an tírdhreacha agus an mhuirdhreacha i gContae na Gaillimhe, tá lear mór turasóirí ag teacht anseo le blianta fada anuas. Le tamall de bhlianta anuas anois, áfach, is é ár gclú maidir le cúrsaí ealaíon, cultúir agus gastranamaíochta atá ag tarraingt na sluaite. Aithnítear sa Straitéis seo gur príomhthosaíocht straitéiseach é dea-chlú idirnáisiúnta na Gaillimhe a leathnú agus a fhorbairt tuilleadh go háirithe i bhfianaise na n-ainmniúchán Eorpach agus domhanda atá bainte amach againn. Tríd an gcomhpháirtíocht idir Comhairle Chontae na Gaillimhe agus Chomhairle Cathrach na Gaillimhe, agus trí chomhpháirtíocht le réimse an chultúir i gcoitinne, roghnaíodh Gaillimh mar Phríomhchathair Chultúir na hEorpa don bhliain 2020: Gaillimh 2020. Beidh gach coirnéal agus gach comharsanacht sa Chontae i gceist leis an gclár suntasach imeachtaí a luaitear sa leabhar tairisceana maidir le Gaillimh 2020, dar teideal 'Bruth faoi Thír', agus a fhágfaidh oidhreacht bhuan ag muintir na Gaillimhe agus ag muintir na hÉireann, ag muintir na hEorpa agus ag daoine in áiteanna níos faide i gcéin.

Tá toradh ar shaothar lucht feirmeoireachta, iascaireachta, cócaireachta agus bialainne na Gaillimhe i mbliana ó bronnadh ainmniúchán Réigiún Gastranamaíochta na hEorpa 2018 ar Ghaillimh. Is ainmniúchán é sin atá tuillte go maith agus is ábhar mórtais ag Comhairle Chontae na Gaillimhe a bheith in ann tacú leis an gclár uaillmhianach a chuirfidh le clú na Gaillimhe mar cheann scríbe cócaireachta ar leibhéal na hEorpa agus ar an leibhéal idirnáisiúnta.

### Our global reputation

**To build on our strong and ever-increasing positive international reputation in County Galway.**

Due to our dramatic and breath-taking land and seascapes Galway has enjoyed more than its share of tourists throughout its history. In recent years however, it has been our artistic, cultural and gastronomic reputation that has been drawing crowds. This Strategy acknowledges that the further growth and development of our international reputation is a key strategic priority particularly considering our European and worldwide designations. Through the partnership of Galway County & City Councils and the wider cultural community, Galway has been selected as European Capital of Culture for 2020: Galway 2020. The strong programme of events included in the Galway 2020 bid book, Making Waves, will envelop every corner and community in the County and will deliver a lasting legacy for the people of Galway, Ireland, Europe and beyond.

The resilience of our farmers, fishermen, chefs and restauranteurs has been rewarded this year with the award of European Region of Gastronomy 2018. This designation is well deserved and Galway County Council are proud to support this ambitious programme which will further enhance our reputation as a European and international culinary destination.

Roinnt blianta ó shin, bronnadh ainmniúchán buan ar Chathair agus ar Chontae na Gaillimhe mar Cheantar Scannánaíochta UNESCO agus, ó shin i leith, táthar ag baint leas as an ngradam iontach sin d'fhonn tionscal na scannánaíochta agus na teilifíse in Iarthar na hÉireann a chothú agus a fhorbairt. Tá níos mó ná 600 duine fostaithe go buan sa réimse sin agus leanfaidh Comhairle Chontae na Gaillimhe de thacaíocht a thabhairt d'Ionad Scannánaíochta na Gaillimhe de réir mar atá dea-chaidreamh oibre á chothú ar fud Líonra Chathracha Cruthaitheachta UNESCO.

**Cuspóirí:**

- Cur le clú agus cáil an Chontae maidir leis na sócmhainní cultúir agus cruthaitheachta trí phoiblíocht agus margaíocht a dhéanamh i ndáil leis na hainmniúcháin reatha.
- Leas a bhaint as na buanna áitiúla i leith earnáil na scannánaíochta, na beochana agus na cluichíochta trí uasmhéadú a dhéanamh ar an tionchar agus ar an tairbhe atá acu maidir leis an leas eacnamaíochta agus cultúir.

Galway City and County were awarded the permanent designation of UNESCO City of Film in recent years and have since built on this wonderful accolade to nurture and grow the film and television industry in the West of Ireland. With over 600 people permanently employed in this visual medium, Galway County Council will continue to support the Galway Film Centre as it develops and sustains good working relationships amongst the UNESCO Creative Cities Network.

**Objectives:**

- Strengthen our reputation and profile as a County rich in cultural and creative assets through the promotion and marketing of existing designations.
- Build on the local strengths in film, animation and the gaming sector by maximizing their impact and contribution to our economic and cultural wellbeing.







Region of Gastronomy 2018, Gaillimh, Iarthar na hÉireann

*Region of Gastronomy 2018, Galway, West of Ireland*

# 7 Cur i bhFeidhm
## Implementation

MAR THORADH AR na cruinnithe comhairliúcháin poiblí sa bhliain 2017 agus sa bhliain 2018, fuaireamar léargas iontach ar smaointe daoine maidir le tionscadail ionchasacha a thabharfadh deis don uile dhuine sa Chontae páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí cultúir agus cruthaitheachta.

Beidh ról ag gach duine de Mheitheal Cultúir Chomhairle Chontae na Gaillimhe maidir leis an bplean forfheidhmiúcháin don bhliain 2018 a ullmhú agus tabharfar deis do gach duine acu tionscadail atá i gcomhréir le tosaíochtaí straitéiseacha na Straitéise seo a chur chun cinn. Déanfar roinnt tionscadal a éireoidh as an ngairm inmheánach sin a chur i gcrích mar chuid de Phlean Cultúir agus Cruthaitheachta Chontae na Gaillimhe 2018, ach sin de réir an bhuiséid a bheidh ar fáil. Trí na naisc atá acu leis an bpobal, cabhróidh an Mheitheal Cultúir le pleanáil agus cur i gcrích tionscnaimh agus cláir a bhaineann le hÉire Ildánach ar fud an chontae. Tá sé mar aidhm againn measúnú trasrannach a dhéanamh ar thionscadail chruthaitheachta atá bunaithe ar rannpháirtíocht an tsaoránaigh.

Léiríonn comhdhéanamh na Meithle Cultúir an cur chuige comhtháite atá ann i ndáil leis an bpróiseas, ón gcéad splanc go dtí an cur i bhfeidhm, agus baineann na comhaltaí le raon leathan seirbhísí de chuid na Comhairle, lena n-airítear an méid seo a leanas: Leabharlanna agus an Chartlann, Ealaíona, Oidhreacht, Gaeilge, Caomhantas, Uilechuimsitheacht Shóisialta, Spórt, Forbairt Eacnamaíochta agus Seirbhísí Corparáideacha. Tá Comhordaitheoir ann freisin chun tacaíocht a chur ar fáil.

OUR PUBLIC CONSULTATION meetings in 2017 and 2018 provided us much insight into potential project ideas which would offer opportunities for everyone in the County to engage in culture and creativity.

The development of an implementation plan for 2018 will involve each member of Galway County Council's Culture Team who will each be invited to put forward projects which meet the strategic priorities of this Strategy. Several projects submitted through this internal call will be delivered as part of Galway County's 2018 Culture and Creativity Plan with reference to the budget available. The Culture Team, through their own links with communities will assist in the planning, delivery and implementation of Creative Ireland programmes and initiatives throughout the County. Our aim is to undertake a cross-departmental assessment of creative projects rooted in citizen engagement.

Our Culture Team reflects our integrated approach to this process from inception to implementation and its members represent a wide range of our services including: Libraries and Archives, Arts, Heritage, Irish Language, Conservation, Social Inclusion, Sports, Economic Development and Corporate Services supported by a Coordinator.



### Comhaltaí Mheitheal Cultúir Chomhairle Chontae na Gaillimhe
### Members of Galway County Council Culture Team

**Alan Farrell**
Stiúrthóir Gníomhach Seirbhísí maidir le Forbairt Eacnamaíochta, Tuaithe & Pobail agus Seirbhísí Corparáideacha
A/Director of Services for Economic, Rural & Community Development and Corporate Services

**Sharon O'Grady**
An tOifigeach Ealaíon & Comhordaitheoir Éire Ildánach
Arts Officer & Creative Ireland Coordinator

**Catherine Gallagher**
An Leabharlannaí Contae & Cathrach
County & City Librarian

**Patria McWalter**
Cartlannaí
Archivist

**Marie Mannion**
An tOifigeach Oidhreachta
Heritage Officer

**Mairin Doddy**
An tOifigeach Caomhantais Ailtireachta
Architectural Conservation Officer

**Jo Vahey**
An tSeirbhís Leabharlannaíochta
Library Service

**Una Ní Eidhin**
An tOifigeach Gaeilge
Irish Officer

**Ann Mallaghan**
An tOifigeach Uilechuimsitheachta Sóisialta
Social Inclusion Officer

**Michael Curley**
An tOifigeach Forbartha Spóirt
Sports Development Officer

**Marian Donohue**
An Brainse Corparáideach
Corporate Section

**Brian Barrett**
Forbairt Eacnamaíochta, Tuaithe & Pobail
Economic, Rural & Community Development

Mar chuid den phlean forfheidhmiúcháin don bhliain 2018, beidh Scéim Sparánachtaí Éire Ildánach Chomhairle Chontae na Gaillimhe á fógairt. Is é príomhaidhm na sparánachtaí sin cúnamh a chur ar fáil do dhaoine aonair agus do ghrúpaí pobail maidir le gníomhaíochtaí agus tionscadail forbartha a spreagann cruthaitheacht, comhoibriú agus rannpháirtíocht i gcúrsaí cultúir ar fud Chontae na Gaillimhe.

Gné thábhachtach den chur i bhfeidhm i rith na bliana 2018 is ea a chinntiú go ndéantar gach mír cumarsáide agus gach mír nua eolais a chur ar fáil ar mhodh soiléir, tráthúil, éifeachtúil. Is trí struchtúr Líonra Rannpháirtíochta Pobail Chontae na Gaillimhe (PPN) is mó a dhéanann an Chomhairle Contae teagmháil leis an bpobal. Beidh an Mheitheal Cultúir ag obair in éineacht leis an PPN chun a chinntiú go mbeidh an oiread daoine den phobal agus is féidir páirteach i bhforbairt agus i gcur i gcrích an chláir. Tá teacht ag gach duine den Mheitheal Cultúir freisin ar raon leathan pointí teagmhála agus féachfar le caidreamh a chothú le raon leathan líonraí trí úsáid a bhaint as modhanna éagsúla, lena n-áirítear na meáin chumarsáide áitiúla agus náisiúnta, na meáin shóisialta, nuachtlitreacha agus an láithreán gréasáin www.galway.ie lena chinntiú go mbíonn caidreamh agus cumarsáid ann le gach duine den phobal.

As part of our implementation plan for 2018, we will be advertising a Galway County Council Creative Ireland Bursary Award Scheme. The key objective of these bursaries will be to provide support to individuals and community groups for developmental activities and projects that will encourage creativity, collaboration and cultural participation in County Galway.

A key element of implementation for 2018 will be to ensure that all communications and information updates are provided in a clear, timely and effective way. The Galway County Public Participation Network (PPN) is the County Council's main structure for community contact. The Culture Team will work with the PPN to ensure that community engagement in the development and delivery of the programme is strengthened. Each member of the Culture Team also has access to a wide network of contacts and we will endeavour to engage with all our networks across a wide range of channels including local and national media, social media, newsletters and our website www.galway.ie to ensure we interact and communicate with everyone in our community.

creative.ireland.ie

Clár Éire Ildánach
*Creative Ireland Programme*
2017–2022